BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Achomharc – Iomaíocht – Cairtéil – Margadh le haghaidh barraí treisithe – Cinneadh ón gCoimisiún lena ndeimhnítear sárú ar Airteagal 65 CS, tar éis do Chonradh CEGC dul in éag, ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 – Cinneadh a tugadh i ndiaidh cinntí eile a chur ar neamhní cheana – Éisteacht nua a reáchtáil i láthair údaráis iomaíochta na mBallstát – Cearta na cosanta – Prionsabal an dea-riaracháin – Ceanglas neamhchlaontachta – Tréimhse réasúnta ama – Oibleagáid chun cúiseanna a lua – Comhréireacht – Prionsabal *ne bis in idem* – Pléadáil neamhdhleathachta – Imthosca géaraitheacha – Athshárú – Imthosca maolaitheacha – Cóir chomhionann)

I gCás C-31/23 P,

Achomharc de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 19 Eanáir 2023,

Ferriere Nord SpA, a bunaíodh in Osoppo (an Iodáil), arna ionadú ag B. Comparini, G. Donà agus W. Viscardini, avvocati,

achomharcóir,

na páirtithe eile sna himeachtaí:

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag G. Conte, P. Rossi agus C. Sjödin, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó M. Moretto, avvocato,

cosantóir ag an gcéad chéim,

Comhairle an Aontais Eorpaigh, arna hionadú ag E. Ambrosini agus O. Segnana, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta de T. von Danwitz, Uachtarán an Dlísheomra, P. G. Xuereb (Rapóirtéir) agus A. Kumin, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: N. Emiliou,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena achomharc, iarrann Ferriere Nord SpA, go príomha, go gcuirfí breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 9 Samhain 2022, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-667/19, 'an breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2022:692), trína ndearna an Chúirt Ghinearálta a chaingean a dhíbhe ag iarraidh, go príomha, Cinneadh C(2019) 4969 final ón gCoimisiún an 4 Iúil 2019 maidir le sárú ar Airteagal 65 de Chonradh CEGC (Cás AT.37956 – Barraí treisiúcháin) ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis. Mar mhalairt air sin, tá an gnóthas ag iarraidh, ar an gcéad dul síos, go gcuirfear an breithiúnas atá faoi achomharc ar neamhní sa mhéid gur dhíbh sé a éileamh malartach ag iarraidh an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú go páirteach, agus, ar an dara dul síos, an cinneadh sin a neamhniú go páirteach agus an fhíneáil a gearradh air a laghdú.

An dlí lena mbaineann

Rialachán (CE) Uimh. 1/2003

2 Foráiltear le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101 agus 102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1), dar teideal 'Sárú a chinneadh agus deireadh a chur leis' mar seo a leanas:

'Má shuíonn an Coimisiún, ag gníomhú dó i leith gearáin nó ar a thionscnamh féin, gur tharla sárú ar Airteagail [101] nó [102 TFUE] den Rialachán seo, féadfaidh sé, le cinneadh, a cheangal ar na gnóthais agus ar na comhlachais gnóthas lena mbaineann deireadh a chur le sárú dá leithéid. Chun na críche sin, féadfaidh sé aon leigheasanna iompraíochta nó struchtúrtha a fhorchur atá comhréireach leis an sárú a rinneadh agus atá riachtanach chun deireadh a chur leis an sárú go héifeachtach. Ní féidir leigheas struchtúrach a fhorchur ach amháin mura bhfuil aon leigheas iompraíochta atá chomh héifeachtach céanna ann nó dá mbeadh an leigheas struchtúrach níos tromchúisí don chuideachta lena mbaineann ná an leigheas struchtúrach. I gcás ina bhfuil leas dlisteanach ag an gCoimisiún, féadfaidh sé a fháil amach freisin go ndearnadh sárú san am a chuaigh thart.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

3 Foráiltear le hAirteagal 14 den Rialachán sin, dar teideal 'Coiste Comhairleach' mar seo a leanas:

'1. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le Coiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha sula ndéanfar aon chinneadh faoi Airteagail 7, 8, 9, 10, 23, 24(2) agus 29(1).

2. Chun cásanna aonair a scrúdú, tá an Coiste Comhairleach comhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis iomaíochta na mBallstát. [...]

[...]

5. Tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar thuairim an Choiste Chomhairligh. Cuirfidh sé in iúl don Choiste faoin dóigh a ndearnadh a thuairim a chur san áireamh.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 23(2) den Rialachán sin go bhféadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha a fhorchur ar ghnóthais agus ar chomhlachais gnóthas i gcás ina ndéanfadh siad sárú, d'aon ghnó nó le faillí, ar Airteagail 101 CFAE nó 102 CFAE.

5 Foráiltear le hAirteagal 25 den Rialachán céanna, dar teideal 'Tréimhse theorann chun pionóis a fhorchur', an méid seo a leanas:

'1. Beidh na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún le hAirteagail 23 agus 24 faoi réir na dtréimhsí teorann seo a leanas:

a) 3 bliana i gcás sáruithe ar fhorálacha a bhaineann le hiarrataí ar fhaisnéis nó le comhlíonadh iniúchtaí;

b) 5 bliana i leith cionta eile.

2. Tosófar ar áireamh na tréimhse ama ar an lá a dhéanfar an sárú. I gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar an athuair, áfach, tosófar ar áireamh na tréimhse ama ar an lá a thiocfaidh deireadh leis an sárú.

3. Le haon ghníomhaíocht arna déanamh ag an gCoimisiún nó ag údarás iomaíochta Ballstáit chun críche an imscrúdaithe nó na n-imeachtaí i leith sárú, cuirfear isteach ar an tréimhse theorann le haghaidh fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur. Brisfear an tréimhse theorann le héifeacht ón dáta a thabharfar fógra faoin ngníomhaíocht do ghnóthas nó do chomhlachas gnóthas amháin ar a laghad a bhí rannpháirteach sa sárú. Áireofar iad seo a leanas go háirithe leis na gníomhaíochtaí a bhrisfidh áireamh na tréimhse:

a) iarrataí scríofa ar fhaisnéis ón gCoimisiún nó ó údarás iomaíochta Ballstáit;

b) orduithe iniúchta scríofa arna n-eisiúint ag an gCoimisiún nó ag údarás iomaíochta Ballstáit chuig a ghníomhairí;

c) imeachtaí á dtionscnamh ag an gCoimisiún nó ag údarás iomaíochta Ballstáit;

d) an ráiteas agóidí arna ghlacadh ag an gCoimisiún nó ag údarás iomaíochta Ballstáit.

4. Beidh feidhm ag briseadh na tréimhse teorann maidir le gach gnóthas nó comhlachas gnóthas a bhí rannpháirteach sa sárú.

5. Cuirfear tús nua leis an tréimhse le gach briseadh. Rachaidh an tréimhse theorann in éag, áfach, ar an lá a bheidh tréimhse arb ionann í agus dhá oiread na tréimhse teorann imithe thart gan fíneáil ná íocaíocht phionósach thréimhsiúil a bheith forchurtha ag an gCoimisiún. Cuirfear síneadh leis an tréimhse sin atá ar aon fhad leis an tréimhse a bhfuil an teorainn ar fionraí lena linn de bhun mhír 6.

6. Cuirfear an tréimhse theorann le haghaidh fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar fionraí fad a bheidh an cinneadh ón gCoimisiún faoi réir imeachtaí atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 27 de Rialachán Uimh. 1/2003, dar teideal 'Éisteacht na bpáirtithe, gearánaithe agus tríú páirtithe eile', mar seo a leanas:

'1. Sula ndéanfaidh sé na cinntí dá bhforáiltear in Airteagail 7, 8 agus 23 agus Airteagal 24(2), tabharfaidh an Coimisiún an deis do na gnóthais agus do chomhlachais gnóthas lena mbaineann na himeachtaí arna seoladh ag an gCoimisiún a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na hagóidí arna ndéanamh ag an gCoimisiún. Ní bhunóidh an Coimisiún a chuid cinntí ar aon ní ach amháin na hagóidí a raibh ar chumas na bpáirtithe lena mbaineann barúil a thabhairt ina leith. Beidh dlúthbhaint ag na gearánaigh leis na himeachtaí.

2. Déanfar cearta cosanta na bpáirtithe lena mbaineann a urramú go hiomlán sna himeachtaí. [...]

3. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil gá leis, féadfaidh sé éisteacht freisin le daoine nádúrtha nó le daoine dlítheanacha eile. Má iarrann daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leas leordhóthanach acu éisteacht a fháil, ní mór a n-iarraidh a dheonú. Féadfaidh údaráis iomaíochta na mBallstát iarraidh ar an gCoimisiún freisin éisteacht a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 773/2004

7 Foráiltear le hAirteagal 11, dar teideal 'Ceart na bpáirtithe chun éisteacht a fháil', de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le seoladh imeachtaí ag an gCoimisiún de bhun Airteagail [101] agus [102 CFAE] (IO 2004 L 123, lch. 18), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 622/2008 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2008 (IO 2008 L 171, lch. 3) (dá ngairtear 'Rialachán Uimh. 773/2004' anseo feasta), mar seo a leanas:

'1. Tabharfaidh an Coimisiún deis do na páirtithe a dtabharfaidh sé ráiteas agóidí chucu éisteacht a fháil sula rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003.

2. Ina chinntí, ní dhéileálann an Coimisiún ach le hagóidí ar tugadh deis do na páirtithe dá dtagraítear i mír 1 barúil a thabhairt.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 12 de Rialachán 773/2004:

‘1. Tugann an Coimisiún an deis do na páirtithe a gcuireann sé ráiteas agóidí chucu a gcuid argóintí a fhorbairt ag éisteacht ó bhéal, má iarrann siad amhlaidh ina gcuid barúlacha i scríbhinn.

2. Mar sin féin, agus aighneachtaí socraíochta á gcur isteach acu, áfach, deimhníonn na páirtithe don Choimisiún nach n-iarrfaidh siad a n-argóintí a fhorbairt ag éisteacht ó bhéal ach amháin más rud é nach léiríonn an ráiteas agóidí substaint a n-aighneachtaí socraíochta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 13 den Rialachán sin, dar teideal ‘Daoine eile a éisteacht’, mar a leanas:

‘1. I gcás ina ndéanfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha seachas na cinn dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 11 iarratas ar éisteacht a fháil agus go léiríonn siad leas leordhóthanach, cuirfidh an Coimisiún cineál agus ábhar na n-imeachtaí in iúl dóibh i scríbhinn agus tabharfaidh sé deis dóibh a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn laistigh de cibé tréimhse a shonróidh sé.

2. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, cuireadh a thabhairt do na daoine dá dtagraítear i mír 1 a gcuid argóintí a fhorbairt ag éisteacht ó bhéal na bpáirtithe ar díríodh ráiteas agóidí chucu, má iarrann siad amhlaidh ina gcuid barúlacha i scríbhinn.

3. Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt d’aon duine eile a thuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus freastal ar éisteacht na bpáirtithe ar díríodh ráiteas agóidí chucu. Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do na daoine sin a dtuairimí a chur in iúl le linn na héisteachta freisin.’

10 In Airteagal 14 den Rialachán sin, dar teideal ‘Éisteachtaí ó bhéal a sheoladh’, foráiltear don mhéid seo a leanas:

‘1. Is é Oifigeach Éisteachta a dhéanfaidh na héisteachtaí ó bhéal a sheoladh ar bhealach iomlán neamhspleách.

2. Tabharfaidh an Coimisiún cuireadh do na daoine atá le héisteacht a fháil freastal ar an éisteacht ó bhéal ar cibé lá a chinnfidh sé féin.

3. Tabharfaidh an Coimisiún cuireadh d’údaráis iomaíochta na mBallstát páirt a ghlacadh san éisteacht ó bhéal. Féadfaidh sé cuireadh a thabhairt freisin d’oifigigh agus do sheirbhísigh údarás Ballstát eile.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Teachtaireacht 2011

11 Is é príomhchuspóir na Teachtaireachta ón gCoimisiún i ndáil le dea-chleachtais maidir le nósanna imeachta chun Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm (IO 2011 C 308, lch. 6) (‘Teachtaireacht 2011’), mar a leagtar amach i mír 1 de, ná treoir phraiticiúil a sholáthar maidir le nósanna imeachta chun Airteagail 101 agus 102 CFAE a chur i bhfeidhm.

12 Foráiltear le mír 6 den Teachtaireacht go raibh sé infheidhme, ó dháta a foilsithe, ‘do chásanna ar feitheamh agus a bheidh ann amach anseo’. Maidir le cásanna ar feitheamh, bhí feidhm aige, de réir fhonóta 16 den Teachtaireacht sin, ‘le haon chéim de na himeachtaí nár baineadh amach tráth an fhoilsithe seo’.

13 Faoi Airteagal 84, 86 agus 109 den Teachtaireacht chéanna:

‘(84) Léiríonn an ráiteas agóidí go soiléir má tá sé beartaithe ag an gCoimisiún fíneálacha a ghearradh ar na cuideachtaí lena mbaineann má dheimhnítear na hagóidí [...]. Sonraíonn an Coimisiún, sa ráiteas agóidí, na príomheilimintí fíorasacha agus dlíthiúla ar dócha go ngearrfar fíneáil orthu, amhail fad agus tromchúis an tsáraithe, agus cuireann sé in iúl cibé acu a rinneadh an sárú d’aon ghnó nó trí fhaillí. Más amhlaidh an cás, ní mór a lua go mion sa ráiteas agóidí go bhféadfadh gnéithe áirithe a bheith ina gcúinsí géaraitheacha agus, a mhéid is féidir, ní mór dó amhlaidh a dhéanamh le haghaidh imthosca maolaitheacha freisin.

[...]

(86) Más rud é, ina chinneadh deiridh, go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na hábhair fíorais nó dlí a leagtar amach sa ráiteas agóidí a thréigean chun aimhleasa páirtí amháin nó níos mó, nó má tá sé ar intinn aige fianaise ionchoiritheach nua a chur san áireamh, tugtar deis i gcónaí do na páirtithe lena mbaineann a dtuairimí a chur in iúl ar mhodh iomchuí.

[...]

(109) Más rud é, tar éis dó ráiteas agóidí a eisiúint, go mbaileoidh an Coimisiún tuilleadh fianaise a bhfuil sé ar intinn aige brath uirthi, nó má tá sé ar intinn aige a mheasúnú dlíthiúil a athrú chun aimhleas na ngnóthas lena mbaineann, tugtar deis don Choimisiún a thuairim a thabhairt ar an bhfianaise nua sin.’

Cúlra na díospóide agus an cinneadh atá faoi chonspóid

14 Tá cúlra na díospóide leagtha amach i míreanna 1 go 31 den bhreithiúnas atá faoi achomharc mar seo a leanas:

‘1 Is cuideachta chorpraithe faoi dhlí na hIodáile é an t-achomharcóir, Ferriere Nord SpA, atá rannpháirteach in earnáil na mbarra treisithe ó Aibreán 1992 i leith.

A. An Chéad Chinneadh ón gCoimisiún (2002)

2 Ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2000, rinne Coimisiún na gComhphobal Eorpach roinnt seiceálacha de bhun Airteagal 47 CS in áitreabh gnóthas áirithe Iodálach atá ag gabháil do mhonarú barraí treisithe coincréite, lena n-áirítear an t-achomharcóir, agus comhlachas gnóthas, an Federazione Imprese Siderurgiche Italiane [(Cónaidhm Ghnóthais Chruach na hIodáile) (‘Federacciai’)]. D’iarr sé orthu freisin faisnéis a sholáthar faoin bhforáil sin.

3 An 26 Márta 2002, thionscain an Coimisiún imeacht faoi Airteagal 65 CS agus leag sé amach agóidí faoi Airteagal 36 CS (‘an ráiteas agóidí’), ar tugadh fógra ina leith don achomharcóir, i measc agóidí eile. Thug an t-achomharcóir freagra ar an ráiteas agóidí sin an 31 Bealtaine 2002.

4 Bhí éisteacht ag na páirtithe sa nós imeachta riaracháin an 13 Meitheamh 2002.

5 An 12 Lúnasa 2002, chuir an Coimisiún agóidí breise ar aghaidh chuig na seolaithe céanna ('an ráiteas forlíontach agóidí') faoi Airteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 17 ón gComhairle an 6 Feabhra 1962, an chéad rialachán lena gcuirtear chun feidhme Airteagail [81] agus [82 CE] (IO 1962 13, lch. 204). Sa ráiteas forlíontach agóidí sin, mhínigh an Coimisiún a sheasamh maidir le leanúint leis an nós imeachta tar éis do Chonradh CEGC dul in éag an 23 Iúil 2002. Thug an t-achomharcóir freagra ar an ráiteas forlíontach agóidí an 20 Meán Fómhair 2002.

6 Tionóladh éisteacht nua na bpáirtithe sa nós imeachta riaracháin an 30 Meán Fómhair 2002 i láthair údaráis iomaíochta na mBallstát. Bhain sé le hábhar an ráitis fhorlíontaigh agóidí, eadhon na hiarmhairtí dlíthiúla toisc Conradh CEGC a dhul in éag chun leanúint den nós imeachta.

7 Ag deireadh an nós imeachta riaracháin, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2002) 5087 final an 17 Nollaig 2002 maidir le himeacht faoi Airteagal 65 de Chonradh CEGC (COMP/37.956 – Barraí treisiúcháin) ('Cinneadh 2002'), dírithe ar [Federacciai] agus ar ocht ngnóthas, lena n-áirítear an t-achomharcóir. Sa chinneadh sin, chinn an Coimisiún, idir mí na Nollag 1989 agus mí Iúil 2000, go raibh na heintitis sin ag gabháil do chleachtas sriantach aonair, casta agus leanúnach ar mhargadh na hIodáile le haghaidh barraí agus cornaí treisithe coincréite ('barraí treisiúcháin') a raibh sé mar chuspóir nó mar éifeacht acu praghsanna a shocrú agus aschur nó díolacháin a theorannú nó a rialú, contrártha le hAirteagal 65(1) CS.

8 Luaigh an Coimisiún gur mhair rannpháirtíocht an achomharcóra sa sárú idir an 1 Aibreán 1993 agus an 4 Iúil 2000. Ar an mbonn sin, ghearr an Coimisiún fíneáil EUR 3.57 milliún ar an achomharcóir. Áiríodh sa mhéid sin laghdú 20 % ar an bhfíneáil i bhfabhar an achomharcóra, de bhun Roinn D(1) den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le neamh-fhorchur nó laghdú fíneálacha i gcásanna cairtéil (IO 1996 C 207, lch. 4 [...]), lena bhforáiltear go bhféadfaí laghdú a dheonú ar an bhfíneáil ba cheart a bheith íoctha acu leis na gnóthais chomhoibríocha trí fhaisnéis, doiciméid nó fianaise eile a sholáthar don Choimisiún, sula seolfaidh sé ráiteas agóidí, a chuidíonn lena shuíomh gurb ann don sárú a rinneadh.

9 An 10 Márta 2003, thionscain an t-achomharcóir caingean os comhair na Cúirte Ginearálta i gcoinne Chinneadh 2002. Chuir an Chúirt an cinneadh sin ar neamhní maidir leis an achomharcóir (breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2007, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún*, T-94/03, [...], EU:T:2007:320) agus na gnóthais eile ar díríodh orthu, ar an bhforas nach raibh an bunús dlí a úsáideadh, eadhon Airteagal 65(4) agus (5) CS, i bhfeidhm a thuilleadh nuair a glacadh an cinneadh. Dá réir sin, ní raibh sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoi na forálacha sin sárú ar Airteagal 65(1) a bhunú agus pionós a ghearradh ina leith) CS tar éis do Chonradh CEGC dul in éag. Níor scrúdaigh an Chúirt na gnéithe eile den chinneadh sin.

10 Rinneadh cinneadh críochnaitheach de Chinneadh 2002 maidir le [Federacciai], nár thug caingean os comhair na Cúirte Ginearálta.

B. An dara cinneadh ón gCoimisiún (2009)

11 I litir dar dáta an 30 Meitheamh 2008, chuir an Coimisiún in iúl don achomharcóir agus do na gnóthais eile lena mbaineann go raibh sé ar intinn aige cinneadh nua a ghlacadh, a mbeadh bunús dlí ceartaithe leis. Luaigh sé freisin go mbeadh an cinneadh sin bunaithe ar an bhfianaise a leagtar amach sa ráiteas agóidí agus sa ráiteas forlíontach agóidí. Arna iarraidh sin don Choimisiún, chuir an t-achomharcóir barúlacha i scríbhinn isteach an 1 Lúnasa 2008.

12 Le facsanna an 24 Iúil agus an 25 Meán Fómhair 2008 agus an 13 Márta, an 30 Meitheamh agus an 27 Lúnasa 2009, d'iarr an Coimisiún faisnéis ar an achomharcóir maidir lena úinéireacht agus a staid sócmhainní. Thug an t-achomharcóir freagra ar na hiarrataí sin ar fhaisnéis i litreacha dar dáta an 1 Lúnasa agus an 1 Deireadh Fómhair 2008 agus an 18 Márta, an 1 Iúil agus an 8 Meán Fómhair 2009, faoi seach.

13 An 30 Meán Fómhair 2009, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2009) 7492 final maidir le himeacht faoi Airteagal 65 de Chonradh CEGC (Cás COMP/37.956 – Barraí treisiúcháin, ath-ghlacadh), dírithe ar na gnóthais chéanna le Cinneadh 2002, lena n-áirítear an t-achomharcóir. Glacadh an cinneadh seo ar bhonn rialacha nós imeachta Chonradh CE agus [Rialachán Uimh. 1/2003]. Bhí sé bunaithe ar an bhfianaise dá dtagraítear sa ráiteas agóidí agus sa ráiteas agóidí forlíontach agus rinneadh, go bunúsach, inneachar agus cinntí Chinneadh 2002 a atáirgeadh. Go háirithe, níor athraíodh méid na fíneála a gearradh ar an achomharcóir, EUR 3.57 milliún san iomlán.

14 An 8 Nollaig 2009, ghlac an Coimisiún cinneadh leasaitheach inar áiríodh, san iarscríbhinn a ghabhann leis, táblaí ina léirítear athruithe ar phraghsanna a fágadh ar lár óna chinneadh an 30 Meán Fómhair 2009 agus lena gceartaítear na tagairtí uimhrithe do na táblaí sin in ocht bhfonóta.

15 An 19 Feabhra 2010, thionscain an t-achomharcóir caingean os comhair na Cúirte i gcoinne chinneadh an Choimisiúin an 30 Meán Fómhair 2009, arna leasú ('Cinneadh 2009'). An 9 Nollaig 2014, laghdaigh an Chúirt Ghinearálta méid na fíneála a gearradh ar an achomharcóir go EUR 3.42144 milliún, ar an bhforas nach raibh sé rannpháirteach, ar feadh tréimhse 3 bliana, sa chuid sin den chairtéal a bhain le haschur nó díolacháin a theorannú nó a rialú, agus dhiúltaigh sí don chaingean maidir leis an gcuid eile (breithiúnas an 9 Nollaig 2014, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún*, T-90/10, EU:T:2014:1035). Chuir an Chúirt Cinneadh 2009 ar neamhní i bpáirt maidir le duine eile dá seolaithe, laghdaigh sí an fhíneáil a forchuireadh ar sheolaí amháin eile agus dhíbh sí na caingne eile a tugadh.

16 An 20 Feabhra 2015, rinne an t-achomharcóir achomharc i gcoinne bhreithiúnas an 9 Nollaig 2014, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-90/10, [...], EU:T:2014:1035). Le breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716), chuir an Chúirt Bhreithiúnais an breithiúnas sin ón gCúirt Ghinearálta ar neamhní agus chuir sí Cinneadh 2009 ar neamhní maidir leis an achomharcóir, *inter alia*.

17 Ina breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716), chinn an Chúirt Bhreithiúnais, nuair a ghlactar cinneadh ar bhonn Rialachán Uimh. 1/2003, nach mór an nós imeachta a mbeidh an cinneadh sin mar thoradh air a bheith i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta a leagtar síos leis an Rialachán sin agus le [Rialachán (CE) Uimh. 773/2004], fiú má cuireadh tús leis an nós imeachta sular tháinig na rialacháin sin i bhfeidhm.

18 Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, sa chás sin, nach bhféadfaí éisteacht an 13 Meitheamh 2002, arbh í an t-aon éisteacht ar shubstaint an nós imeachta í, a mheas mar éisteacht a chomhlíonann na ceanglais nós imeachta i ndáil le cinneadh a ghlacadh ar bhonn Rialachán Uimh. 1/2003, in éagmais rannpháirtíocht údaráis iomaíochta na mBallstát.

19 Tháinig an Chúirt Bhreithiúnais ar an gconclúid go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína chinneadh nach raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún éisteacht nua a eagrú roimh Chinneadh 2009 a ghlacadh, ar an bhforas go raibh deis ag na gnóthais éisteacht ó bhéal a fháil ag éisteachtaí an 13 Meitheamh agus an 30 Meán Fómhair 2002.

20 Ina breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716), mheabhraigh an Chúirt Bhreithiúnais a thábhachtaí atá sé éisteacht a thionól, arna iarraidh sin do na páirtithe lena mbaineann, a n-iarrtar ar údaráis iomaíochta na mBallstát iad a reáchtáil, ós rud é gurb ionann mainneachtain éisteacht den sórt sin a reáchtáil agus sárú ar cheanglas fíor-riachtanach nós imeachta.

21 Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, a mhéid nár urramaíodh an ceart sin, mar a léiríodh go sainráite i Rialachán Uimh. 773/2004, nach raibh sé riachtanach don ghnóthas ar sáraíodh a cheart ar an mbealach sin a léiriú go bhféadfadh tionchar a bheith ag sárú den sórt sin ar chúrsa na n-imeachtaí agus ar inneachar an chinnidh [2009].

22 Chuir an Chúirt Bhreithiúnais roinnt breithiúnas eile ón gCúirt Ghinearálta an 9 Nollaig 2014 ar leataobh freisin, breithiúnais a rinne breithniú ar dhlíthiúlacht Chinneadh 2009 agus chuir sí an cinneadh sin ar neamhní, maidir le ceithre ghnóthas eile, ar na forais chéanna. Mar sin féin, tháinig Cinneadh 2009 chun bheith críochnaitheach do na gnóthais seo a leanas nach ndearna achomharc i gcoinne na mbreithiúnas sin.

C. An tríú cinneadh ón gCoimisiún (2019)

23 I litir dar dáta an 15 Nollaig 2017, chuir an Coimisiún in iúl don achomharcóir go raibh sé ar intinn aige an nós imeachta riaracháin a atosú agus, sa chomhthéacs sin, éisteacht nua de na páirtithe sa nós imeachta sin a eagrú i láthair údaráis iomaíochta na mBallstát.

24 I litir dar dáta an 1 Feabhra 2018, chuir an t-achomharcóir barúlacha isteach inar chuir sé i gcoinne chumhacht an Choimisiúin an nós imeachta riaracháin a atosú agus, ar an gcaoi sin, d'iarr sé ar an gCoimisiún staonadh óna dhéanamh.

25 An 23 Aibreán 2018, thionóil an Coimisiún éisteacht nua maidir le substaint an nós imeachta, inar ghlac an t-achomharcóir agus trí ghnóthas eile a bhfuil Cinneadh 2009 dírithe orthu páirt i láthair údaráis iomaíochta na mBallstát agus an oifigigh éisteachta.

26 I litreacha an 19 Samhain 2018 agus an 17 Eanáir agus an 6 Bealtaine 2019, sheol an Coimisiún trí iarraidh ar fhaisnéis chuig an achomharcóir maidir lena úinéireacht agus a staid sócmhainní. Thug an t-achomharcóir freagra ar na hiarrataí sin ar fhaisnéis i litreacha dar dáta an 10 Nollaig 2018 agus an 31 Eanáir agus an 9 Bealtaine 2019 faoi seach.

27 An 21 Meitheamh 2019, d'fhreastail an t-achomharcóir ar chruinniú le seirbhísí an Choimisiúin inar luaigh an Coimisiún gur chinn siad a mholadh do Choláiste na gCoimisinéirí go nglacfaí cinneadh pionóis nua, ach, i bhfianaise an ama a glacadh go hoibiachtúil, go dtabharfadh sé le fios go gcuirfí imthoisc mhaolaithe urghnách i bhfeidhm.

28 An 4 Iúil 2019, ghlac an Coimisiún an cinneadh [atá faoi chonspóid], a díríodh ar na cúig ghnóthas ar cuireadh Cinneadh 2009 ar neamhní ina leith, eadhon, chomh maith leis an achomharcóir, Alfa Acciai SpA, Feralpi Holding SpA (ar a dtugtaí Feralpi Siderurgica SpA agus

Federalpi Siderurgica SRL), Partecipazioni Industriali SpA (ar a dtugtaí Riva Acciaio SpA roimhe seo agus Riva Fire SpA ina dhiaidh sin; 'Riva') agus Valsabbia Investimenti SpA agus Ferriera Valsabbia SpA.

29 Sa chinneadh [atá faoi chonspóid], chinn an Coimisiún an sárú céanna is a bhí in ábhar chinneadh 2009, ach laghdaigh sé na fíneálacha a forchuireadh ar na gnóthais ar díríodh orthu é 50 % mar gheall ar fhad an nós imeachta. Fuair an t-achomharcóir laghdú breise 6 % den fhíneáil toisc nár ghlac sé páirt sa chuid den chairtéal lena mbaineann maidir le srian nó rialú a chur ar aschur nó ar dhíolacháin le linn tréimhse áirithe ama. Le hAirteagal 2 den chinneadh [atá faoi chonspóid], d'fhorchuir an Coimisiún fíneáil EUR 2.237 milliún ar an achomharcóir.

30 An 8 Iúil 2019, tugadh fógra don achomharcóir faoi chóip neamhiomlán den chinneadh [atá faoi chonspóid], nach raibh ann ach na leathanaigh chorruimhrithe, agus chuir an t-achomharcóir an méid sin in iúl don Choimisiún i litir dar dáta an 9 Iúil 2019.

31 An 18 Iúil 2019, tugadh fógra don achomharcóir faoi leagan iomlán den chinneadh [atá faoi chonspóid].'

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc

15 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 30 Meán Fómhair 2019, thionscain an t-achomharcóir caingean ag iarraidh, go príomha, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a bhain sé leis an achomharcóir agus, mar mhalairt air sin, laghdú ar mhéid na fíneála a forchuireadh air.

16 Mar thaca lena iarratas an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, maíonn an t-achomharcóir, go substaintiúil, sé shaincheist dlí lena n-éilítear, leis an gcéad saincheist, sárú ar chearta na cosanta agus ar rialacha nós imeachta le linn éisteacht an 23 Aibreán 2018, leis an dara saincheist, líomhnaítear gur dhiúltaigh an Coimisiún go neamhdhleathach a fhíorú, sula nglacfar an cinneadh atá faoi chonspóid, comhréireacht an chinnidh sin leis an bprionsabal nach mór an nós imeachta a chur i gcrích laistigh de thréimhse réasúnach ama, leis an tríú saincheist, sárú ar an bprionsabal nach mór imeachtaí a sheoladh laistigh de thréimhse réasúnta ama, leis an gceathrú saincheist, sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, mí-úsáid cumhachtaí agus sárú ar phrionsabal na comhréireachta, leis an gcúigiú saincheist, sárú ar an bprionsabal *ne bis in idem*, agus an séú saincheist, go bhfuil an tréimhse theorann dá bhforáiltear in Airteagal 25 de Rialachán Uimh. 1/2003 neamhdhleathach.

17 Maidir leis an gcéad saincheist dlí, go háirithe, mhaígh an t-achomharcóir, leis an gcéad dá cheann de na cúig agóid a d'ardaigh siad sa phléadáil sin, ar an gcéad dul síos, cuireadh amhras faoi neamhchlaontacht an Choiste Chomhairligh a bunaíodh le Rialachán Uimh. 1/2003 ('an Coiste Comhairleach') sa mhéid is go bhféadfadh tionchar a bheith ag dearcadh ionadaithe údaráis iomaíochta na mBallstát atá ar an gCoiste sin toisc go raibh na húdaráis sin ar an eolas faoin seasamh a ghlac an Coimisiún maidir leis an gcás ina chinntí in 2002 agus in 2009, agus ar an dara dul síos, ag an gCúirt Ghinearálta ina breithiúnas an 9 Nollaig 2014, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-90/10, EU:T:2014:1035) agus, ar an dara dul síos, rinneadh difear do neamhspleáchas an Choimisiúin toisc, arna neartú ag an mbreithiúnas sin, nach raibh sé in ann glacadh le tuairim contrártha a chuir ionadaithe ó údaráis iomaíochta na mBallstát a shuíonn ar an gCoiste Comhairleach in iúl.

18 Leis an tríú hagóid sa tsaincheist dlí sin, mhaígh an t-achomharcóir, ar an gcéad dul síos, go raibh rialacha éagsúla maidir le heagrú éisteachtaí sáraithe ag an gCoimisiún agus, ar an dara dul síos, go raibh earráid déanta ag an gCoimisiún nuair a theip air cuireadh a thabhairt do Federacciai, Leali SpA agus a fhochuideachta Acciaierie e Ferriere Leali Luigi SpA ('Leali' le chéile), Lucchini SpA, Riva, Industrie Riunite Odolesi SpA ('IRO') agus an Associazione Nazionale Sagomatori Ferro (Comhlachas Náisiúnta na gCuideachtaí Múnlaithe Iarainn) ('Ansfer') ag an éisteacht an 23 Aibreán 2018 cé go bhféadfadh na heintitis sin, tar éis dóibh ról tábhachtach a bheith acu sa chás, faisnéis a sholáthar d'údaráis iomaíochta na mBallstát a chuirfeadh ar a gcumas a seasamh a ghlacadh agus eolas iomlán acu ar na fíorais. I dtuairim an achomharcóra, toisc nach raibh siad in ann leas a bhaint as tuairim a thug na húdaráis seo agus eolas iomlán aige ar na fíricí, sáraíodh a chearta cosanta.

19 Sa cheathrú hagóid sa chéad saincheist dlí, d'áitigh an t-achomharcóir go raibh sé dodhéanta an locht nós imeachta a bhí cáinte ag an gCúirt a leigheas. Mar gheall ar an am a chuaigh thart, bhí na hathruithe a tharla ar chéannacht na rannpháirtithe agus ar struchtúr an mhargaidh chomh mór sin, dar leis, nach bhféadfaí éisteacht ar bith a eagrú faoi choinníollacha comhionanna nó, ar a laghad, coinníollacha comhionann leo siúd a bhí i réim in 2002.

20 Leis an gcúigiú hagóid sa tsaincheist dlí sin, d'áitigh an t-achomharcóir, go háirithe, go raibh an tuairim a thug an Coiste Comhairleach lena n-áirítear dearbhú a shínigh ocht n-údarás iomaíochta de chuid na mBallstát go raibh leigheas déanta ag éisteacht an 23 Aibreán 2018 ar an earráid nós imeachta a d'aimsigh an Chúirt i mbreithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716) truaillithe. Níor ghlac dhá cheann de na hocht n-údarás sin páirt san éisteacht, lena n-áirítear an t-údarás iomaíochta is rapóirtéir.

21 Mar thaca lena éileamh malartach go ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú mar chuid den chinneadh sin agus le laghdú comhfhreagrach ar mhéid na fíneála a forchuireadh air, chuir an t-achomharcóir trí shaincheist dlí bhreise ar aghaidh lena líomhnaítear, leis an seachtú saincheist, sárú ar an dualgas cruthúnais agus ar an bprionsabal in *dubio pro reo*, leis an ochtú saincheist, neamhdhleathacht an mhéadaithe ar mhéid na fíneála mar gheall ar athshárú, agus leis an naoú saincheist, sárú ar phrionsabal na córa comhionainne maidir le himthosca maolaitheacha agus cineál déanach na gcúiseanna lena dtugtar údar le laghdú teoranta ar an bhfíneáil a dheonú.

22 Le cinneadh an 11 Feabhra 2020, thug an Chúirt Ghinearálta cead do Chomhairle an Aontais Eorpaigh idiragairt a dhéanamh chun tacú leis an ordú atá á lorg ag an gCoimisiún.

23 Leis an mbreithiúnas faoi achomharc, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean ina hiomláine.

24 Maidir leis an gcéad saincheist dlí ag an gcéad chéim, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, nach raibh argóint an achomharcóra in ann a bhunú nár ráthaíodh neamhchlaontacht ionadaithe údaráis iomaíochta na mBallstát ar an gCoiste Comhairleach agus ar an gCoimisiún araon sa chás seo. Ar an dara dul síos, trí mhainneachtain cuireadh a thabhairt do ghnóthais agus do chomhlachais áirithe chuig éisteacht an 23 Aibreán 2018, níor sháraigh an Coimisiún na rialacha a bhaineann le heagrú na n-éisteachtaí ná cearta cosanta an achomharcóra. Ar an tríú dul síos, ní dhéanann na hathruithe sa chomhthéacs a tugadh isteach le himeacht ama difear do chumas an Choimisiúin imeachtaí a atosú tar éis ceann dá chinntí a neamhniú le breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais nó ón gCúirt Ghinearálta, ar choinníoll gur fhíoraigh an Coimisiún gur

cosúil fós gur réiteach iomchuí ar an staid é leanúint ar aghaidh leis an nós imeachta, mar a rinne an Coimisiún sa chás seo. Ar an gceathrú dul síos, ní raibh aon bhunús leis an argóint go raibh tuairim an Choiste Chomhairligh curtha ó bhail.

25 Maidir leis an tríú saincheist dlí ag an gcéad chéim, chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh fad chéimeanna riaracháin an nós imeachta arna sheoladh ag an gCoimisiún ná fad iomlán an nós imeachta sin iomarcach agus, in aon chás, fiú ag glacadh leis go bhféadfaí a mheas go bhfuil fad an nós imeachta contrártha do phrionsabal na tréimhse réasúnaí, nár shuigh an t-achomharcóir go raibh aon sárú ar a chearta cosanta a d'eascair as an tréimhse sin.

26 Maidir leis an gceathrú saincheist dlí ag an gcéad chéim, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, gur mhínigh an Coimisiún go leordhóthanach na cúiseanna ar a bheartaigh sé cinneadh nua a ghlacadh in ainneoin an dá neamhniú a rinneadh roimhe seo, ar an dara dul síos, go raibh éifeacht dhíspreagthach fós ag an bhfíneáil a gearradh ar an achomharcóir sa chinneadh atá faoi chonspóid, ós rud é gur aisíocadh na fíneálacha a gearradh i gcinntí 2002 agus 2009 tar éis na cinntí sin a neamhniú, ar an tríú dul síos, sular glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid, níor gearradh pionós ar an achomharcóir fós as an sárú atá i gceist, i bhfianaise an dá neamhniú a rinneadh, ar an gceathrú dul síos, gur dócha go n-éascódh atosú na n-imeachtaí agus glacadh cinnidh nua cúram na dtríú páirtithe ar mian leo caingean a thionscnamh i leith damáistí, ag féachaint, go háirithe, don fhíoras go bhféadfadh baint a bheith ag Ballstáit seachas Poblacht na hIodáile leis agus nach bhféadfadh an Coimisiún cur i bhfeidhm dlíthe náisiúnta seachas dlí na hIodáile a eisiamh, agus, ar an gcúigiú dul síos, nár sáraíodh prionsabal na comhréireachta.

27 Maidir leis an gcúigiú saincheist dlí ag an gcéad chéim, chinn an Chúirt Ghinearálta nár sáraíodh an prionsabal *ne bis in idem*, ós rud é, tráth an bhreithiúnais atá faoi achomharc, nár glacadh aon chinneadh críochnaitheach maidir le substaint an cháis a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht an achomharcóra sna sáruithe a líomhnaítear ina choinne.

28 Maidir leis an séú saincheist dlí ag an gcéad chéim, chinn an Chúirt Ghinearálta gur cheart an phléadáil neamhdhleathachta a bhaineann le hAirteagal 25 de Rialachán Uimh. 1/2003 atá ann a dhíbhe. Níor léirigh an t-achomharcóir gur sháraigh reachtóir an Aontais, agus é ag réiteach idir na cuspóirí nach mór a chur san áireamh i ndáil leis sin, an corrlach nach mór a cheadú sa chomhthéacs sin. Trí fhoráil a dhéanamh maidir le tréimhse theorann 5 bliana chun sáruithe ar dhlí iomaíochta an Aontais a phionósú agus, i gcás ina mbristear an tréimhse sin, 10 mbliana, forchuirtear teorainn dhian ar ghníomhaíocht ama an Choimisiúin. Maidir leis an bhfíoras, faoi Airteagal 25(6) de Rialachán Uimh. 1/2003, go gcuirtear an tréimhse theorann ar fionraí le linn imeachtaí achomhairc i gcoinne chinneadh an Choimisiúin, chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl gur cásanna iad sin nach bhfuil neamhghníomhaíocht an Choimisiúin mar thoradh ar easpa díchill ó thaobh na hinstitiúide sin de.

29 Maidir leis an ochtú saincheist dlí ag an gcéad chéim, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, go raibh an méadú ar an bhfíneáil a gearradh ar an achomharcóir as athshárú intuartha go leor don achomharcóir agus, dá bhrí sin, nár sháraigh sé a chearta cosanta, ar an dara dul síos, nach raibh an tréimhse atá le cur san áireamh chun a chinneadh an bhforchuirfí méadú den sórt sin rófhada, agus, ar an tríú dul síos, nach raibh an méadú de 50 % a cuireadh i bhfeidhm sa chás seo ar athshárú iomarcach.

30 Maidir leis an naoú saincheist dlí ag an gcéad chéim, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, go raibh údar leis an difríocht idir na rátaí laghdaithe a deonaíodh don achomharcóir agus do ghnóthas eile, ar an bhforas nár ghlac na gnóthais sin páirt i ngné shonrach den chairtéal a chumhdaítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, agus, ar an dara dul síos, nár chuir an Coimisiún an fhaisnéis a bhaineann leis sin ar fáil go déanach.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe os comhair na Cúirte Breithiúnais

31 Trína achomharc, iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– go príomha, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní agus, dá bhrí sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– mar mhalairt air sin, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní a mhéid a dhiúltaigh sé dá éileamh malartach ar neamhniú i bpáirt den chinneadh atá faoi chonspóid, an cinneadh sin a neamhniú go páirteach agus an fhíneáil a gearradh air a laghdú;

– a ordú don Choimisiún costais an iarratais os comhair na Cúirte seo agus na Cúirte Ginearálta a íoc.

32 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– ordú a thabhairt don achomharcóir na costais a íoc.

33 Iarrann an Chomhairle gur cheart don Chúirt pléadáil neamhdhleathachta Airteagal 25 de Rialachán Uimh.1/2003 a dhíbhe agus a ordú don achomharcóir costais an achomhairc a íoc.

An t-achomharc

34 Mar thaca leis an achomharc, maíonn an t-achomharcóir ocht saincheist dlí:

An chéad saincheist dlí

35 Lena chéad saincheist dlí, atá roinnte ina ceithre chuid, maíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta cearta na cosanta, gur mhainnigh sí fianaise a scrúdú, gur shaobh sí na fíorais agus an fhianaise go follasach, gur sháraigh sí a hoibleagáid cúiseanna a lua lena breithiúnais agus go ndearna sí measúnuithe treallacha.

An tríú cuid

– *Argóintí na bpáirtithe*

36 Leis an tríú cuid dá chéad saincheist dlí, ar cheart a scrúdú ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i míreanna 158 go 162 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'ainneoin na n-athruithe ar

chéannacht na ngníomhaithe agus ar struchtúr an mhargaidh, go raibh an Coimisiún in ann an locht nós imeachta a cháin an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716) a leigheas trí éisteacht an 23 Aibreán 2018 a eagrú. Déanann sí na forais a leagtar amach i míreanna 159 agus 160 den bhreithiúnas atá faoi achomharc a dhíospóid, lenar chinn an Chúirt Ghinearálta, mar gheall ar imeacht ama, nach bhféadfaí aon éisteacht a eagrú faoi choinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha a bhí ann in 2002. Dar leis an achomharcóir, tá an neamhdhleathacht a suíodh le breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716), doleigheasta ní mar gheall ar na hathruithe a tharla le himeacht ama, ach mar gheall ar rannchuidiú éagórach na hinstitiúide sin le déanamh na neamhdhleathachta sin.

37 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil an argóint sin nua agus, dá bhrí sin, do-ghlactha. Ar aon chuma, tá an argóint sin gan bhunús.

– *Measúnú na Cúirte Breithiúnais*

38 I gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 170(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, ní fhéadfar ábhar na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a athrú san achomharc. Dá bhrí sin, de réir cásdlí socair, dá gceadófaí do pháirtí saincheisteanna dlí agus argóintí nár ardaigh sé os comhair na Cúirte Ginearálta a chur ar aghaidh den chéad uair os comhair na Cúirte Breithiúnais, cheadófaí don pháirtí sin, a bhfuil a dhlínse in achomhairc teoranta, cás a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais atá níos leithne ná an ceann a tháinig os comhair na Cúirte Ginearálta. In achomharc, tá dlínse na Cúirte Breithiúnais teoranta, dá bhrí sin, do scrúdú a dhéanamh ar mheasúnú na Cúirte Ginearálta ar na saincheisteanna dlí agus ar na hargóintí a rinneadh os a comhair (breithiúnas an 29 Feabhra 2024, *Euranimi* v *an Coimisiún*, C-95/23 P, EU:C:2024:177, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 I mír 158 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire go raibh gearán an achomharcóra go raibh sé dodhéanta an locht nós imeachta a cháin an Chúirt Bhreithiúnais a leigheas bunaithe ar an gcinneadh, mar gheall ar imeacht ama, go raibh na hathruithe ar chéannacht na ngníomhaithe agus ar struchtúr an mhargaidh de chineál nach bhféadfaí aon éisteacht a eagrú faoi na coinníollacha céanna nó, ar a laghad, coibhéiseach leis na coinníollacha a bhí i réim in 2002.

40 Níor chuir an t-achomharcóir in aghaidh an chur síos seo ar an agóid ar an gcéad dul síos ina achomharc. Is léir ón gcur síos sin nach léir ón tuairisc sin, os comhair na Cúirte Ginearálta, gur mhaígh an t-achomharcóir go raibh na hearráidí a rinne an Coimisiún doleigheasta leis an locht nós imeachta a d'aimsigh an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716).

41 Is fíor, ina athfhreagra, go luann an t-achomharcóir, i míreanna 62, 82, 97, 127, 133, 136, 167, 182 agus 205 dá iarratas ag an gcéad chéim, gur luaigh sé go raibh sé dodhéanta an locht nós imeachta a d'aimsigh an Chúirt Bhreithiúnais a leigheas mar gheall ar éifeacht chomhcheangailte earráidí an Choimisiúin agus achar níos faide ná mar is gnách an nós imeachta. Mar sin féin, ní léir ó aon cheann de na míreanna sin gur áitigh an t-achomharcóir, os comhair na Cúirte Ginearálta, nárbh iad na hathruithe a tharla le himeacht ama a rinne an locht nós imeachta a d'aimsigh an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716) doleigheasta, ach rannchuidiú éagórach an Choimisiúin le cur chun feidhme na neamhdhleathachta sin.

42 Dá bhrí sin, ós rud é gur ardaíodh na hargóintí faoin tríú cuid den chéad saincheist dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais den chéad uair, ní mór diúltú dóibh toisc iad a bheith neamh-inghlactha.

An chéad chuid

– *Argóintí na bpáirtithe*

43 Leis an gcéad chuid dá chéad saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, gur chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i míreanna 64 go 78 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chomhlíon an Coimisiún agus ionadaithe údaráis iomaíochta na mBallstát araon an ceanglas maidir le neamhchlaontacht ag éisteacht an 23 Aibreán 2018 agus iad ag glacadh thuairim an Choiste Chomhairligh.

44 Ar an gcéad dul síos, dar leis an achomharcóir, ní fhéadfadh na húdaráis sin seasaimh a ghlacadh seachas na cinn a bhí i gCinneadh 2009 cheana féin agus a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta i mbreithiúnas an 9 Nollaig 2014, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-90/10, EU:T:2014:1035), agus i seacht mbreithiúnas eile a tugadh in 2014 maidir leis na caingne arna dtionscnamh ag seolaithe eile de Chinneadh 2009 i gcoinne an chinnidh sin (le chéile, 'breithiúnais 2014'), ar tháinig cuid acu chun bheith críochnaitheach.

45 Ar an dara dul síos, go bhfuil cinneadh na Cúirte Ginearálta gur comhlíonadh an ceanglas maidir le neamhchlaontacht i ndáil leis an Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato (AGCM) (Údarás Iomaíochta agus Margaidh, an Iodáil) mícheart agus go bhfuil sé mar thoradh ar shaobhadh follasach, nó fiú ar easnamh iomlán an mheasúnaithe ar na fíorais agus ar an bhfianaise.

46 Chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh go raibh AGCM ar an eolas faoi Chinneadh 2009 agus faoi bhreithiúnas an 9 Nollaig 2014, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-90/10, EU:T:2014:1035). Mar sin féin, níor chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh gur bhraith an t-údarás sin, mar a cruthaíodh le roinnt doiciméad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, ar an gcinneadh sin agus ar an mbreithiúnas sin nuair a ghearr sé pionós, in 2017, ar chairtéal a bhain leis na gnóthais chéanna agus leis an gcineál céanna iompair leo siúd dá dtagraítear sa chinneadh sin ('Cinneadh AGCM 2017'). Sonraíonn an t-achomharcóir go raibh ról cinntitheach ag an mbeirt a rinne ionadaíocht ar AGCM ag éisteacht an 23 Aibreán 2018 sa nós imeachta chun Cinneadh AGCM 2017 a ghlacadh.

47 I bhfianaise an mhéid sin, tá an dá bhreithiúnas ar a raibh an Chúirt Ghinearálta ag brath i mír 75 den bhreithiúnas atá faoi achomharc mícheart. Ar an gcéad dul síos, ní bhaineann sé le hábhar go raibh an cairtéal dá dtagraítear i gCinneadh AGCM 2017 éagsúil leis an gcairtéal dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid. Ar an dara dul síos, tá an toimhde nach bhféadfadh Cinneadh AGCM 2017 tionchar a imirt ar an údarás sin, toisc gur chuir cúirt Iodálach an cinneadh sin ar neamhní, mícheart freisin. Rinneadh an neamhniú sin i ndiaidh éisteacht an 23 Aibreán 2018, ós rud é go n-eascraíonn sé as breithiúnas an 12 Meitheamh 2018 ón Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (Cúirt Réigiúnach Riaracháin, Lazio, an Iodáil). Sna himthosca sin, measann an t-achomharcóir go raibh sé chun leas AGCM, ag an éisteacht sin, agóidí an Choimisiúin a dheimhniú. Thairis sin, nuair a thug AGCM a thuairim don Choiste Comhairleach an 27 Meitheamh agus an 1 Iúil 2019, bhí an t-achomharc a thaisc sé i gcoinne an bhreithiúnais sin fós ar feitheamh.

48 Ar an tríú dul síos, tar éis bhreithiúnais 2014, ní raibh aon chúis ag an gCoimisiún tionchar a bheith ag aon tuairim contrártha ón gCoiste Comhairleach air.

49 Thairis sin, maíonn an t-achomharcóir gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta rialú a thabhairt ar a hargóint lena líomhnaítear sárú ar thoimhde na neamhchiontachta, a leagtar amach i míreanna 123 go 127 den iarratas ag an gcéad chéim. Chinn an Chúirt Ghinearálta, i mbreithiúnas an 9 Nollaig 2014, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-90/10, EU:T:2014:1035), gur ghlac an t-achomharcóir páirt sa chairtéal dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid, nach bhféadfadh ionadaithe údaráis iomaíochta na mBallstát a bheith aineolach faoi, ag éisteacht an 23 Aibreán 2018 nó le linn a n-idirghabhálacha ina dhiaidh sin laistigh den Choiste Comhairleach.

50 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil an argóint sin do-ghlactha toisc go bhfuil sé, i bpáirt, ró-neamhbheacht agus nua i bpáirt. Ar aon chuma, tá sé gan bhunús.

– *Measúnú na Cúirte*

51 Maidir le hinghlacthacht an dara cuid den chéad saincheist dlí, ní mór a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, go leanann sé ón dara fomhír d'Airteagal 256(1) CFAE, ón gcéad fhomhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ó Airteagal 168(1)(d) agus ó Airteagal 169(2) de na Rialacha Nós Imeachta nach mór a léiriú go beacht in achomharc na míreanna den bhreithiúnas atá faoi chonspóid agus a bhfuil an t-achomharcóir ag iarraidh a chur ar neamhní agus na hargóintí dlíthiúla a tugadh chun cinn go sonrach chun tacú leis an achomharc, mura mbeidh an t-achomharc nó an tsaincheist dlí lena mbaineann do-ghlactha (breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Foz* v *an Chomhairle*, C-524/22 P, EU:C:2024:23, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Dá bhrí sin, ní shásaíonn na heilimintí den achomharc nach bhfuil aon argóint iontu atá dírithe go sonrach ar earráid dlí a líomhnaítear go bhfuil an breithiúnas atá faoi achomharc curtha ó bhail an ceanglas sin agus ní mór diúltú dóibh toisc iad a bheith neamh-inghlactha (breithiúnas an 22 Meitheamh 2023, *YG* v *an Coimisiún*, C-818/21 P, EU:C:2023:511, mír 105 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Ar an dara dul síos, tá achomharcóir i dteideal achomharc a dhéanamh trí shaincheisteanna dlí agus argóintí a eascraíonn as an mbreithiúnas atá faoi achomharc féin a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais lena ndéantar iarracht a thuillteanais dlí a cháineadh (breithiúnas an 6 Iúil 2023, *BEI agus an Coimisiún* v *ClientEarth*, C-212/21 P agus C-223/21 P, EU:C:2023:546, mír 96 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 Sa chás seo, cé go dtagraíonn an t-achomharcóir, i dteideal na chéad saincheiste dlí, agus maidir le héisteacht an 23 Aibreán 2018 agus tuairim an Choiste Chomhairligh, do shárú ar Airteagal 266 CFAE agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), ní mhíníonn sé cén fáth go bhféadfadh na forálacha sin tacú le gearán bunaithe ar easpa neamhchlaontachta chomhaltaí an Choiste Chomhairligh agus an Choimisiúin, contrártha leis an gcásdlí a luaitear i mír 51 den bhreithiúnas seo. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chuid sin den phléadáil toisc í a bheith neamh-inghlactha a mhéid a líomhnaítear go ndearnadh sárú ar na forálacha sin.

55 Os a choinne sin, tá an agóid lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal thoimhde na neamhchiontachta, a chumhdaítear in Airteagal 48(1) den Chairt agus in Airteagal 6(2) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa

Róimh an 4 Samhain 1950 (‘CECD’), leagtha amach ar bhealach atá soiléir go leor chun a thuiscint go maíonn an t-achomharcóir gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta rialú a thabhairt ar chuid dá caingean ag an gcéad chéim. Dá bhrí sin, tá an agóid sin inghlactha.

56 Thairis sin, d’áitigh an t-achomharcóir os comhair na Cúirte Ginearálta, i bhfianaise Chinneadh AGCM 2017, nach bhféadfaí a mheas go bhfuil ionadaithe AGCM a ghlac páirt in éisteacht an 23 Aibreán 2018 agus in obair an Choiste Chomhairligh maidir le glacadh an chinnidh atá faoi chonspóid oibiachtúil agus neamhchlaonta. Is léir ó mhír 75 den bhreithiúnas atá faoi achomharc gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don mhaíomh sin ar an bhforas gur cuireadh Cinneadh AGCM 2017 ar neamhní ina dhiaidh sin le breithiúnas an 12 Meitheamh 2018 ón Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, Lazio). Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 53 den bhreithiúnas seo, tá an t-achomharcóir i dteideal, ina achomharc, agóid a dhéanamh i gcoinne an mheasúnaithe sin, ag áitiú go raibh dáta an bhreithiúnais sin ábhartha.

57 Maidir leis an tsubstaint, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, gur mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 64 go 66 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil breithiúnas an 9 Nollaig 2014 in *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-90/10, EU:T:2014:1035), arna chur ar neamhní ag an gCúirt, imithe ó dhlíchóras an Aontais. Ina dhiaidh sin, chinn sí, i míreanna 71 agus 72 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ‘go bhfuil an t-eolas a d’fhéadfadh a bheith ann ar réiteach a glacadh roimhe sin agus, i gcás inarb iomchuí, a deimhníodh i mbreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta arna chur ar neamhní ina dhiaidh sin ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc ina chuid dhílis den oibleagáid éifeacht chuí a thabhairt do neamhniú’. De réir na Cúirte Ginearálta, bheadh sé ar neamhréir le hAirteagal 266 CFAE a mheas go bhféadfadh eolas den sórt sin ‘cosc a chur ann féin ar imeachtaí a atosú’, lena gceanglaítear, i gcás neamhniú ar bhonn Airteagal 263 CFAE, ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnais a thugtar ina gcoinne a chomhlíonadh, gan an cúram a bhaint díobh, áfach, chun a áirithiú, sna réimsí laistigh dá n-inniúlacht, go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm. Ar deireadh, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 73 den bhreithiúnas sin, nach ndéanfaí, in imthosca den sórt sin, toirmeasc a chur ar atosú an nós imeachta ach amháin más rud é, trí bhíthin fianaise shonrach, go bhféadfadh an t-achomharcóir a shuíomh go ndearnadh ‘dochar iarbhír’ do neamhchlaontacht ionadaithe údaráis iomaíochta na mBallstát agus an Choimisiúin.

58 Ní chuireann aon earráid dlí an measúnú sin ó bhail.

59 Ba cheart a mheabhrú, i ndáil leis sin, go bhforáiltear leis an gceart chun dea-riaracháin, a chumhdaítear in Airteagal 41 den Chairt, go bhfuil an ceart ag gach duine, *inter alia*, go ndéanfaidh institiúidí an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon. Cumhdaítear leis an gceanglas neamhchlaontachta sin, ar thaobh amháin, an neamhchlaontacht shuibiachtúil, sa chaoi nár chóir d’aon chomhalta den institiúid lena mbaineann atá freagrach i leith an cháis aon laofacht nó réamhchlaonadh a léiriú, agus ar an taobh eile, an neamhchlaontacht oibiachtúil, sa chaoi nach mór don institiúid ráthaíochtaí leordhóthanacha a chur ar fáil chun fáil réidh le haon amhras dlisteanach chuige sin (féach breithiúnas an 1 Feabhra 2024, *Scania agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-251/22 P, EU:C:2024:103, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Sa chás seo, cé is moite de chás AGCM, ní bhaineann argóintí an achomharcóra ach le neamhchlaontacht oibiachtúil ionadaithe údaráis iomaíochta na mBallstát agus an Choimisiúin.

61 Fiú ag glacadh leis go bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le neamhchlaontacht, mar a leagtar síos in Airteagal 41 den Chairt é, maidir le hionadaithe údaráis iomaíochta na mBallstát freisin, nuair a ghlacann siad páirt in éisteacht agus nuair a chuireann siad leis an tuairim atá le tabhairt ag an gCoiste Comhairleach maidir le dréachtchinneadh ón gCoimisiún in ábhair iomaíochta, ní leor, ó thaobh na n-ionadaithe sin de, eolas ar chinneadh roimhe sin ón gCoimisiún, arna dhearbhú i mbreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta agus arna neamhniú ina dhiaidh sin ag an gCúirt Bhreithiúnais, ann féin agus in éagmais aon fhianaise oibiachtúil eile, chun amhras dlisteanach a chruthú, dar le tríú páirtithe, maidir le haon dochar a bheith ann do na hionadaithe sin. Nuair a ghlacann comhaltaí an Choiste Chomhairligh páirt in éisteacht agus nuair a rannchuidíonn siad le hullmhú thuairim an choiste sin maidir le dréachtchinneadh ón gCoimisiún in ábhair iomaíochta, ní cheanglaítear orthu cinneadh roimhe sin den sórt sin a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ní féidir le heolas ar chinneadh den sórt sin, ann féin, amhras dlisteanach a chruthú maidir le haon chlaontacht a bheith ann ar thaobh chomhaltaí an choiste sin.

62 Is amhlaidh an cás, *a fortiori*, maidir leis an gCoimisiún. Bheadh sé d'éifeacht ag argóint an achomharcóra, má sheasfaí léi, toirmeasc a chur ar an institiúid sin tús a chur athuair leis na himeachtaí tar éis don Chúirt Ghinearálta nó don Chúirt Bhreithiúnais cinneadh a chur ar neamhní, fiú i gcás amhail an cás atá i gceist sa chás seo, fiú in éagmais fianaise shonrach a d'fhéadfadh amhras dlisteanach a chruthú maidir lena neamhchlaontacht. Bheadh toirmeasc den sórt sin, mar a chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl agus an ceart aici, ar neamhréir le hAirteagal 266 CFAE, lena gceanglaítear, i gcás ina ndéantar gníomh a neamhniú, ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh as a dtagann an gníomh sin na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnais a tugadh ina gcoinne a chomhlíonadh, gan an fhéidearthacht gníomh nua a ghlacadh a eisiamh, nach bhfuil na lochtanna a d'aimsigh Cúirteanna an Aontais Eorpaigh ann. Ina theannta sin, chuirfeadh réiteach den sórt sin cosc ar an gCoimisiún a chúram a chomhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais a áirithiú sna réimsí a thagann faoina inniúlacht.

63 Maidir le heaspa líomhnaithe neamhchlaontachta AGCM, áitíonn an t-achomharcóir gur bhraith an t-údarás sin ar Chinneadh 2009 agus ar bhreithiúnais 2014 nuair a ghlac sé Cinneadh AGCM 2017.

64 Is léir ón bhfianaise ar bhraith an t-achomharcóir ina leith sin nach bhfuil Cinneadh 2009 agus breithiúnais 2014, cé go luaitear iad i gCinneadh AGCM 2017, ar cheann de na bunúis leis an gcinneadh sin. Thairis sin, níor leagadh amach go soiléir ina iarratas ag an gcéad chéim éilimh an achomharcóra maidir le heaspa oibiachtúlachta nó neamhchlaontachta AGCM. Sna himthosca sin, níor shaobh an Chúirt Ghinearálta na fíorais ná an fhianaise ná níor thug sí rialú ar argóintí an achomharcóra.

65 Maidir leis an agóid gur theip ar an gCúirt Ghinearálta rialú a thabhairt ar an agóid lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal thoimhde na neamhchiontachta, ba cheart a thabhairt faoi deara gur mhaígh an t-achomharcóir, ag an gcéad chéim, ós rud é gur chinn an Chúirt Ghinearálta cheana féin, i mbreithiúnas an 9 Nollaig 2014, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-90/10, EU:T:2014:1035), go raibh sí rannpháirteach sa chairtéal, nach raibh ionadaithe údaráis iomaíochta na mBallstát, ag éisteacht an 23 Aibreán 2018 agus obair an Choiste Chomhairligh ina dhiaidh sin, in ann glacadh lena neamhchiontacht. Dá bhrí sin, ní féidir an agóid sin a dhealú ón argóint lenar áitigh an t-achomharcóir ar bhonn níos ginearálta nach raibh neamhchlaontacht ag na húdaráis sin. Ós rud é gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don argóint sin ina hiomláine, níor

ceanglaíodh uirthi rialú go sonrach ar an agóid sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, nár chuir an t-achomharcóir aon argóint chun cinn a bhí beartaithe go sonrach chun cur lena agóid maidir le toimhde na neamhchiontachta a urramú.

66 Mar sin, ní mór diúltú don chéad chuid den chéad saincheist dlí sin mar go bhfuil sé, i bpáirt, do-ghlactha agus, i bpáirt, gan bhunús.

An dara cuid

– *Argóintí na bpáirtithe*

67 Leis an dara cuid den chéad saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag diúltú, i míreanna 79 go 157 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dá hargóint lena líomhnaítear go raibh éisteacht an 23 Aibreán 2018 neamhiomlán, ós rud é nár thug an Coimisiún cuireadh do Riva, Leali, IRO, Lucchini, Federacciai agus Ansfer. Go háirithe, d'fhreagair an Chúirt Ghinearálta go mícheart an cheist an ndearna an Coimisiún, maidir leis an éisteacht sin, ar bhealach ar bith seachas sárú ar riail a bhí ina ceangal uirthi, bac a chur ar chearta cosanta an achomharcóra.

68 Ar an gcéad dul síos, maidir le Riva, maíonn an t-achomharcóir go raibh sé d'oibleagáid ar an ngnóthas sin ar díríodh an cinneadh atá faoi chonspóid chuige staonadh ó pháirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018. Mar gheall ar an am atá caite ó na fíorais atá i gceist, ní raibh aon duine d'fhostaithe Riva in ann aon fhianaise úsáideach a ardú i gcoinne agóidí an Choimisiúin. Cuireann an t-achomharcóir in iúl nach é neamhláithreacht Riva ag an éisteacht an 23 Aibreán 2018 ar chúis leis an sárú ar a chearta cosanta, ach tréimhse thar a bheith fada na n-imeachtaí. Dá bhrí sin, chuir an tréimhse rófhada sin cosc ar an gCoiste Comhairleach éisteacht le Riva agus léargas iomlán a fháil ar an gcomhthéacs agus ar na cosaintí a bhaineann leis an gcairtéal a raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún pionós a ghearradh air.

69 Ar an dara dul síos, maidir le staid na ngnóthas agus na gcomhlachas ar cheart, dar leis an achomharcóir, cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht an 23 Aibreán 2018 mar thríú páirtithe leasmhara, i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 27(3) de Rialachán Uimh. 1/2003 agus Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán Uimh.773/2004, áitíonn an t-achomharcóir, ar an gcéad dul síos, gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 102 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dá hargóint maidir le sárú ar chearta na cosanta mar thoradh ar Leali, IRO agus Federacciai a bheith as láthair, ag brath ar bhreithnithe neamhábhartha.

70 Ar an dara dul síos, áitíonn an t-achomharcóir go raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart chun a mheas gur chinn an Coimisiún go bailí nach raibh Lucchini agus Ansfer ina dtríú páirtithe leasmhara.

71 Tá measúnú na Cúirte Ginearálta ar Lucchini treallach, docht agus foirmiúil. Ní féidir a thuiscint cén fáth nach bhféadfaí iarraidh Lucchini ar údarú, mar pháirtí sna himeachtaí, chun páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018, a léiriú sa chaoi gur mhian le Lucchini cuireadh a fháil mar thríú páirtí leasmhar.

72 Maidir le stádas Ansfer mar thríú páirtí leasmhar, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta breithiúnais chontrártha, gur saobhadh agus gur measúnaíodh na fíricí go treallach. Braitheann sé, ina leith sin, ar thrí agóid.

73 Ar an gcéad dul síos, tá na forais a leagtar amach i míreanna 126 go 128 den bhreithiúnas atá faoi achomharc ag teacht salach ar a chéile. Tar éis di a chinneadh go mbeadh sé dlisteanach d'eintiteas ar aithníodh a stádas mar thríú páirtí leasmhar ag céim níos luaithe de na himeachtaí an stádas sin a choinneáil le linn na n-imeachtaí, scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta, sa chás seo, an raibh Ansfer in ann an stádas sin a choinneáil.

74 Ar an dara dul síos, trína chinneadh, i mír 129 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, 'nár coinníodh an leas a léirigh Ansfer maidir le páirt a ghlacadh sna himeachtaí ar bun le linn na n-imeachtaí', rinne an Chúirt Ghinearálta aithris 110 den chinneadh atá faoi chonspóid lenar thug an Coimisiún stádas tríú páirtí leasmhair do Ansfer a shaobhadh. Ina theannta sin, chuir an Chúirt Ghinearálta, i mír 124 den bhreithiúnas sin, teorainn le raon feidhme na hagóide ag an gcéad chéim do chás nós imeachta Ansfer in 2002.

75 Sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 13(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 773/2004 freisin, faoina gceanglaítear ar an gCoimisiún tríú páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi chineál agus ábhar na n-imeachtaí agus cuireadh a thabhairt dóibh, má iarrann siad amhlaidh ina mbarúlacha i scríbhinn, a n-argóintí a fhorbairt le linn éisteacht na bpáirtithe ar cuireadh ráiteas agóidí chucu. Tá comhthuiscint ann nár chuir an Coimisiún Ansfer ar an eolas faoi atosú an nós imeachta riaracháin i mí na Nollag 2017 ná nár iarr sé air páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018.

76 Thairis sin, sháraigh an Chúirt Ghinearálta Airteagail 5(1), 5(2) agus 6(2) de Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO 2011 L 275, lch. 29).

77 Ar an tríú dul síos, fiú dá mbeadh údar maith ag an gCúirt Ghinearálta lena mheas gur ghá a scrúdú an raibh Ansfer in ann a stádas mar thríú páirtí leasmhar a choinneáil, ní bheadh an réasúnú a leagtar amach i míreanna 132 go 135 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar a bhonn a chinn an Chúirt Ghinearálta nárbh amhlaidh an cás, agus a bhí ag brath go háirithe ar fhíorais shonracha áirithe, loighciúil ná cinntitheach.

78 Ar an gcéad dul síos, dar leis an achomharcóir, níor ghlac Ansfer páirt in éisteacht an 30 Meán Fómhair 2002, ós rud é nach raibh baint aige le substaint an cháis, ach leis an gceist maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le dul in éag Chonradh CEGC. Ní bhaineann sé le hábhar nár labhair an comhlachas sin ag éisteacht an 13 Meitheamh 2002, in éagmais aon oibleagáid chuige sin ar na rannpháirtithe. Ina dhiaidh sin, ní cinntitheach ar bhealach ar bith é gur cuireadh barúlacha i scríbhinn Ansfer sa chomhad agus gur atáirgeadh iad ina dhiaidh sin sa dréachtchinneadh atá faoi chonspóid, ós rud é nach mbeadh sé riachtanach fiú cuireadh a thabhairt do na páirtithe chuig éisteacht eile. Ar deireadh, níl an measúnú, i mír 133 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil sé chun leasa an dea-riaracháin 'iomadú idiragraithe a sheachaint' intuigthe, ós rud é gur beag eintiteas a bhí i láthair ag éisteacht an 23 Aibreán 2018.

79 In aon chás, léirítear go soiléir leis na breithnithe sin roimhe seo cineál treallach mheasúnú an Choimisiúin, arna bhailíochtú ag an gCúirt Ghinearálta.

80 Sa tríú háit, maidir le staid na dtríú páirtithe eile dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 27(3) de Rialachán Uimh. 1/2003 agus in Airteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 773/2004, is é sin le rá, daoine seachas seolaithe an ráitis agóidí agus tríú páirtithe leasmhara, amhail Leali, IRO agus Federacciai, maíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na forálacha sin.

81 Bheadh an rud céanna fíor i gcás Lucchini. Ós rud é go raibh cuid de sheolaithe chinntí 2002 agus 2009 imithe as feidhm idir an dá linn tar éis dóibh a bheith dearbhaithe ina bhféimheach, d'fhan cuid eile acu lasmuigh den nós imeachta chun an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh, ós rud é nach ndearna siad agóid i gcoinne Chinneadh 2002 ná i gcoinne bhreithiúnais 2014. Sna himthosca sin, ceanglaíodh ar an gCoimisiún iarraidh Lucchini ar pháirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018 a dheonú. Sháraigh diúltú an Choimisiúin cearta cosanta na ngnóthas lena mbaineann an t-imscrúdú, agus baineadh an deis díobh fianaise Lucchini a úsáid ina bhfabhar. Thairis sin, rinne neamhláithreacht an ghnóthais sin dochar do shainchumais chomhaltaí an Choiste Chomhairligh a dhéanann ionadaíocht ar údaráis iomaíochta na mBallstát. Dá bhrí sin, d'fheidhmigh an Coimisiún a lánrogha maidir le Lucchini ar bhealach treallach, rud nár chinn an Chúirt Ghinearálta.

82 Ar chúiseanna analógacha, áitíonn an t-achomharcóir gur ceanglaíodh ar an gCoimisiún cuireadh a thabhairt do Ansfer páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018 mar thríú páirtí eile, tar éis don Choimisiún a lánrogha a fheidhmiú ar bhealach treallach maidir leis an gcomhlachas sin freisin.

83 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil argóintí an achomharcóra neamh-inghlactha ar roinnt bealaí. Ar an gcéad dul síos, féachann an argóint sin, go bunúsach, le measúnú nua a fháil ón gCúirt Bhreithiúnais ar na fíorais agus ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil ag an gcéad chéim. Ar an dara dul síos, níl sé bunaithe ar aon agóid ar leith ach cuireann sé amhras in iúl. Ar an tríú dul síos, tá sé róghinearálta agus ní thagraíonn sé go sonrach d'aon earráid dlí. Ar an gceathrú dul síos, is agóid nua iad na hagóidí ina líomhnaítear gur fheidhmigh an Coimisiún a lánrogha go treallach. In aon chás, tá argóint an achomarcóra gan bhunús.

– *Measúnú na Cúirte*

84 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuireann an t-achomharcóir in iúl, beag beann ar an raibh na gnóthais agus na comhlachais lena mbaineann i dteideal páirt a ghlacadh in éisteacht sula bhféadfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh, nach gcuirfeadh éisteacht an 23 Aibreán 2018, i láthair údaráis iomaíochta na mBallstát, ar chumas na n-údarás sin léargas iomlán a bheith acu ar an gcomhthéacs agus ar na cosaintí a bhaineann leis an gcairtéal a raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún pionós a ghearradh air, rud a sháraigh cearta cosanta an achomharcóra. Mar sin féin, is léir óna argóintí go maíonn an t-achomharcóir freisin, trí mhainneachtain cuireadh a thabhairt do ghnóthais nó do chomhlachais áirithe páirt a ghlacadh san éisteacht sin, gur sháraigh an Coimisiún na rialacha nós imeachta a bhaineann le héisteachtaí.

85 Ar an gcéad dul síos, maidir le staid Riva, ní dhéanann an t-achomharcóir agóid i gcoinne chinneadh na Cúirte Ginearálta, i mír 93 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár iarr Riva páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018. Murab ionann agus na ceanglais a eascraíonn as an gcásdlí a luaitear i mír 52 den bhreithiúnas seo, ní chuireann an t-achomharcóir aon argóint ar fáil lena n-aithnítear go sonrach an earráid dlí a líomhnaítear a chuireann an breithiúnas atá faoi achomharc ó bhail. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don dara cuid den chéad saincheist dlí toisc é a bheith do-ghlactha a mhéid a bhaineann sé le staid Riva.

86 Ar an dara dul síos, maidir le staid na ngnóthas agus na gcomhlachas ar féidir iad a mheas mar thríú páirtithe leasmhara, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, cé go ndíospóideann an t-achomharcóir ábharthacht na cúise a leagtar amach i mír 102 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir nár sháraigh an Coimisiún, trí mhainneachtain

cuireadh a thabhairt do Leali, IRO agus do Federacciai páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018 mar thríú páirtithe leasmhara, cearta cosanta an achomharcóra, ní líomhnaíonn an t-achomharcóir aon earráid dlí ina leith sin.

87 Ar an dara dul síos, maidir le Lucchini, chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl, i mír 103 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur iarr Lucchini ar an gCoimisiún, tar éis atosú na n-imeachtaí an 15 Nollaig 2017, údarú a fháil chun páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018, ní mar thríú páirtí leasmhar, ach mar pháirtí sna himeachtaí sin, ar an gcaoi chéanna, go háirithe, leis an achomharcóir. Chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, nach ndearna an Coimisiún earráid maidir le diúltú d'iarraidh Lucchini agus, ar an dara dul síos, nár mhaígh Lucchini ina dhiaidh sin go bhféadfaí cuireadh a thabhairt dó chuig an éisteacht mar thríú páirtí leasmhar. Bhain an Chúirt Ghinearálta, i mír 104 den bhreithiúnas sin, tátal as na cinntí sin nár sháraigh an Coimisiún, trí mhainneachtain cuireadh a thabhairt do Lucchini páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018, riail nós imeachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú a chearta cosanta ag an achomharcóir.

88 I ndáil leis sin, ní shonraíonn an t-achomharcóir na hargóintí dlíthiúla ar a mbonn a cháineann sé na míreanna sin den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ach iarrann sé ar an gCúirt Bhreithiúnais athscrúdú a dhéanamh ar na hargóintí a chuir sí faoi bhráid na Cúirte Ginearálta cheana féin agus measúnú nua a dhéanamh ar na fíorais gan saobhadh a líomhain.

89 I gcomhréir le hAirteagal 256(1) CFAE agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht na Cúirte Breithiúnais, tá achomharc teoranta do phoncanna dlí amháin. Tá dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta chun na fíorais ábhartha a aimsiú agus a mheasúnú agus chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise. Dá bhrí sin, ní hionann measúnú na bhfíoras agus na fianaise sin, ach amháin i gcás ina ndéantar iad a shaobhadh, agus pointe dlí atá, sa cháil sin, faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc (breithiúnas an 29 Feabhra 2024, *Euranimi* v *an Coimisiún*, C-95/23 P, EU:C:2024:177, mír 84 agus an cásdlí dá dtagraítear).

90 Ina theannta sin, ardaíodh argóint an achomharcóra gur cheart iarraidh Lucchini páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018 mar pháirtí sna himeachtaí a léirmhíniú mar iarraidh freisin, mar mhalairt air sin, páirt a ghlacadh san éisteacht sin mar thríú páirtí leasmhar don chéad uair san achomharc seo.

91 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint an achomharcóra gur cheart cuireadh a thabhairt do Lucchini chuig éisteacht an 23 Aibreán 2018 mar thríú páirtí leasmhar toisc í a bheith neamh-inghlactha, ag féachaint don chásdlí a luaitear i míreanna 38 agus 89 den bhreithiúnas seo.

92 Ar an tríú dul síos, maidir le Ansfer, ní mór a mheabhrú gur liostaigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 130 den bhreithiúnas faoi achomharc, fíorais áirithe nach ndearna an t-achomharcóir díospóid ina leith, eadhon, *inter alia*, gur iarr Ansfer, in 2002, tar éis dó a fháil amach faoi thionscnamh an nós imeachta arna sheoladh ag an gCoimisiún, údarú chun páirt a ghlacadh in éisteacht an 13 Meitheamh 2002 mar thríú páirtí leasmhar; de bhrí gur ghlac an Coimisiún leis an iarraidh sin; gur chuir Ansfer é féin i láthair ag an éisteacht sin, nuair a thíolaic sé barúlacha i scríbhinn, gan a ionadaí a bheith ag labhairt, agus, ar an mbonn sin, gur tugadh cuireadh do Ansfer páirt a ghlacadh in éisteacht an 30 Meán Fómhair 2002, maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le dul in éag Chonradh CEGC, ach nár fhreagair sé an cuireadh sin agus nár chuir sé é féin i láthair ag an éisteacht sin.

93 Ba ar bhonn na bhfíoras sin a chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 135 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh an Coimisiún in ann a mheas gur tharscaoil Ansfer a rannpháirtíocht sa nós imeachta nó, ar a laghad, nár mhian leis a argóintí a fhorbairt a thuilleadh ag éisteacht an 23 Aibreán 2018.

94 Ní éireoidh le haon cheann de na trí agóid a chuir an t-achomharcóir ar aghaidh i gcoinne an mheasúnaithe sin agus a ndearnadh achoimre orthu i míreanna 73 go 79 den bhreithiúnas seo.

95 Murab ionann agus an méid a éilíonn an t-achomharcóir lena chéad agóid, ní nochtar aon chontrárthacht le réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta a leagtar amach i míreanna 126 go 128 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Tar éis di a dheimhniú, i míreanna 126 agus 127 den bhreithiúnas sin, go gcoinníonn eintiteas ar aithníodh stádas tríú páirtí leasmhair dó an stádas sin le linn na n-imeachtaí ar fad, fiú má cuireadh isteach ar na himeachtaí sin le himeachtaí cúirte as ar eascair breithiúnais neamhnithe, shonraigh an Chúirt Ghinearálta, i mír 128 den bhreithiúnas sin, gur ghá a chinneadh, ag féachaint d'fhíorais an cháis, an raibh an cás in Ansfer difriúil ar dhóigh ar bith.

96 Maidir leis an dara hagóid ón achomharcóir, is fíor nach léirítear go cruinn argóintí an achomharcóra ag an gcéad chéim leis an gcinneadh a rinneadh i mír 129 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus a ndéantar achoimre air i mír 74 den bhreithiúnas seo, gur admhaigh an t-achomharcóir nár choinnigh Ansfer a leas chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta ar feadh ré iomlán na n-imeachtaí sin. D'áitigh an t-achomharcóir gur choinnigh Ansfer an stádas sin agus gur cheart, dá bhrí sin, cuireadh a thabhairt dó páirt a ghlacadh in éisteacht an 23 Aibreán 2018.

97 Mar sin féin, is léir ó chomhthéacs an chinnidh sin nár shaobh an Chúirt Ghinearálta substaint argóintí an achomharcóra. I míreanna 123 agus 125 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta gur mhaígh an t-achomharcóir go raibh stádas tríú páirtí leasmhar faighte ag Ansfer agus nár chaill sé é le linn na n-imeachtaí.

98 I mír 129 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, féadfar an frása 'gan agóid a bheith á déanamh ag an achomharcóir' a thuiscint mar fhrása a bhaineann leis na fíorais a liostaítear i mír 130 den bhreithiúnas sin agus a bhfuil achoimre déanta orthu i mír 92 den bhreithiúnas seo. Go deimhin, áfach, ní dhearna an t-achomharcóir agóid i gcoinne na bhfíoras sin. Dá bhrí sin, tá an earráid a líomhain an t-achomharcóir bunaithe ar mhíléamh an bhreithiúnais atá faoi achomharc agus ní fhágann sé sin go gcuirfear an chuid oibríochtúil den bhreithiúnas sin ar neamhní.

99 Ina theannta sin, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta, i mír 129 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, aithris 110 den chinneadh atá faoi chonspóid a shaobhadh. Mar sin féin, tá an argóint sin bunaithe ar mhíléamh na haithrise sin. Ní luaitear san aithris sin ach gur mheas an tOifigeach Éisteachta, ag tráth áirithe, gur thríú páirtí leasmhar é Ansfer, ach ní luaitear inti ar choinnigh an comhlachas sin, tar éis atosú na n-imeachtaí, an stádas sin, go háirithe ag féachaint d'éisteacht an 23 Aibreán 2018.

100 Thairis sin, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta, i mír 124 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, a hargóintí ag an gcéad chéim a shaobhadh trína raon feidhme a laghdú go dtí an t-aon staid nós imeachta a bhí ann in 2002. Mar sin féin, i mír 125 den bhreithiúnas sin, shonraigh an Chúirt Ghinearálta gur áitigh an t-achomharcóir gur cheart go mbeadh stádas Ansfer mar thríú páirtí leasmhar ina chúis leis an gCoimisiún cuireadh a thabhairt don chomhlachas sin chuig éisteacht an 23 Aibreán 2018. Dá bhrí sin, tá argóint an achomharcóra bunaithe ar mhíléamh an bhreithiúnais atá faoi achomharc.

101 Sa chomhthéacs sin, ní féidir a thuiscint go bhfuil argóint an achomharcóra ag iarraidh agóid a dhéanamh freisin i gcoinne na bhforas ar mheas an Chúirt Ghinearálta nach bhféadfadh an Coimisiún Ansfer a chur ar an eolas faoi atosú an nós imeachta riaracháin i mí na Nollag 2017. Ní cháintear na forais sin, a luaitear i míreanna 108 go 122 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, leis an achomharc, ós rud é nach maíonn an t-achomharcóir ach go bhfuil na forais sin neamhábhartha.

102 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nár luaigh an t-achomharcóir ach gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta forálacha Airteagail 5(1) agus (2) agus 6(2) de Chinneadh 2011/695 maidir leis an Oifigeach Éisteachta, gan, míreanna an bhreithiúnais atá faoi achomharc a bhí beartaithe aici a cháineadh agus na hargóintí dlíthiúla a thacaíonn go sonrach leis an gcáineadh sin a léiriú go beacht, áfach, de shárú ar na forálacha dá dtagraítear i mír 51 den bhreithiúnas seo.

103 Murab ionann agus an méid a éilíonn an t-achomharcóir, níl aon bhrí leis an measúnú a rinne an Chúirt Ghinearálta i mír 133 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir a bhí sé ar mhaithe le dea-riarachán chun iomadú idiragraithe a sheachaint. Is léir ó mhír 134 den bhreithiúnas sin gur i bhfianaise an mheasúnaithe sin a thug an Chúirt Ghinearálta dá haire gur iarradh ar Ansfer páirt a ghlacadh in éisteachtaí in 2002 mar thríú páirtí leasmhar. Os a choinne sin, ní léir ón mbreithiúnas atá faoi achomharc gur bhraith an Chúirt Ghinearálta ar an measúnú sin agus í ag cinneadh nach ndearna an Coimisiún earráid agus é ag cinneadh gur chaill Ansfer an stádas sin ina dhiaidh sin.

104 Maidir leis an tríú hagóid, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí go bhféadfadh eintiteas a aithníodh mar thríú páirtí leasmhar an stádas sin a chailleadh ina dhiaidh sin, go háirithe bunaithe ar a iompair.

105 Tá an t-achomharcóir, ar scáth earráid dlí a agairt, ag iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais, i ndáiríre, measúnú nua a dhéanamh ar na fíorais dá dtagraítear i mír 92 den bhreithiúnas seo, gan a líomhain go ndearnadh iad a shaobhadh. I gcomhréir leis na forálacha a luaitear i mír 89 den bhreithiúnas seo, ní mór, dá bhrí sin, diúltú don tríú hagóid sin toisc é a bheith neamh-inghlactha.

106 Ina theannta sin, trí chineál treallach mheasúnú an Choimisiúin ar chás Ansfer a cháineadh, maíonn an t-achomharcóir argóint dlí nua san achomharc seo nach mór, dá bhrí sin, diúltú di toisc í a bheith neamh-inghlactha, de bhun na rialacha a bhaineann le himeachtaí achomhairc a meabhraíodh i mír 38 den bhreithiúnas seo.

107 Ar an tríú dul síos, maidir le staid tríú páirtithe eile, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid maidir le cur i bhfeidhm na chéad abairte d'Airteagal 27(3) de Rialachán Uimh. 1/2003 agus Airteagal 13(3) de Rialachán Uimh. 773/2004 trí chinneadh an Choimisiúin gan cuireadh a thabhairt do Leali, IRO, Lucchini, Federacciai agus Ansfer chuig éisteacht an 23 Aibreán 2018 a dheimhniú.

108 Foráiltear leis na forálacha sin, mar is léir óna bhfoclaíocht, don fhéidearthacht, agus ní don oibleagáid, don Choimisiún, ar an gcéad dul síos, éisteacht a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha seachas na daoine atá faoi réir na n-imeachtaí agus do thríú páirtithe leasmhara agus, ar an dara dul síos, cuireadh a thabhairt dóibh a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus freastal ar éisteacht na bpáirtithe ar díríodh ráiteas agóidí orthu. Leanann sé, mar a thug an Chúirt Ghinearálta dá haire i mír 149 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil corrlach lánroghnach ag an gCoimisiún maidir lena chinneadh an bhféadfadh rannpháirtíocht na dtríú páirtithe sin a bheith úsáideach. Dá bhrí sin, ní féidir sárú ar na forálacha sin a shuí ach amháin má suíodh gur sháraigh an Coimisiún teorainneacha a lánrogha go follasach.

109 Ní mhaíonn an t-achomharcóir gurbh amhlaidh a bhí i gcás Leali, IRO agus Federacciai.

110 Is fíor go maíonn an t-achomharcóir gur fheidhmigh an Coimisiún a lánrogha go treallach maidir le Lucchini agus Ansfer. Mar sin féin, ós rud é gur ardaíodh an argóint sin den chéad uair san achomharc seo, ní mór a mheas go bhfuil sé do-ghlactha, ag féachaint don chásdlí a luaitear i mír 38 den bhreithiúnas seo.

111 Áitíonn an t-achomharcóir freisin go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, trí mhainneachtain scrúdú a dhéanamh an ndearna an Coimisiún bac, ar bhealach ar bith seachas riail a bhí ina ceangal air a shárú, a chur ar a chearta cosanta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i mír 156 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta 'nár shuigh an t-achomharcóir gur cuireadh bac air i bhfeidhmiú a cheart cosanta beag beann ar shárú rialach toisc nach raibh gnóthas ná tríú páirtí ann ag an éisteacht [an 23 Aibreán 2018]'.

112 Níl bac den sórt sin ar fheidhmiú a cheart cosanta suite ag an achomharcóir ina achomharc ach oiread.

113 Is fíor go bhféadfadh láithreacht Leali, IRO, Lucchini, Federacciai agus Ansfer ag an éisteacht sin a bheith úsáideach sa mhéid go bhféadfadh sé léargas níos iomláine a thabhairt don Choiste Comhairleach ar an gcomhthéacs agus ar an gcosaint a bhaineann leis an gcairtéal. Mar sin féin, ní leor an breithniú hipitéiseach sin chun a léiriú gur ann do shárú ar chearta cosanta an achomharcóra.

114 Mar sin, ní mór diúltú don dara chuid den chéad saincheist dlí sin mar go bhfuil sé, i bpáirt, do-ghlactha agus, i bpáirt, gan bhunús.

An ceathrú cuid

– *Argóintí na bpáirtithe*

115 Leis an gceathrú cuid den chéad saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, trína chinneadh, i míreanna 163 go 195 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar an gcéad dul síos, go raibh an fhaisnéis is gá ag an mbeirt chomhaltaí den Choiste Comhairleach nár ghlac páirt in éisteacht an 23 Aibreán 2018 chun cinneadh a dhéanamh agus láneolas acu ar na fíorais, fiú gan taifeadadh na héisteachta agus, ar an dara dul síos, nár chuir neamhláithreacht an údaráis iomaíochta is rapóirtéir, ag an éisteacht, tuairim an choiste sin ó bhail, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí.

116 I mír 185 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, de réir an chásdlí, i gcás nár cuireadh tosca measúnaithe tábhachtacha agus nua in iúl don Choiste Comhairleach, nach mór a mheas nach raibh an Coiste Comhairleach in ann a thuairim a thabhairt agus láneolas aige ar na fíorais. I dtuairim an achomharcóra, ba é sin an cás anseo. Áitíonn an t-achomharcóir nach ndearnadh a bharúlacha ó bhéal ag an éisteacht an 23 Aibreán 2018 a atáirgeadh ach go páirteach sna doiciméid a seoladh chuig an gCoiste Comhairleach. Dá bhrí sin, ag an éisteacht sin, dhírigh sí, *inter alia*, ar an gceist maidir le staid chomhaimseartha earnáil na cruach.

117 Trí mhainneachtain inneachar Iarscríbhinní A.7 agus E.1 a tugadh ar aird sna himeachtaí ag an gcéad chéim a chur i gcomparáid le chéile, theip ar an gCúirt Ghinearálta, dá bhrí sin, fianaise a scrúdú nó, ar a laghad, rinne sí doiciméid áirithe sa chomhad a shaobhadh. Sna himthosca sin, measann an t-achomharcóir, ós rud é nach raibh taifeadadh na héisteachta aige, nach raibh rochtain ag an gCoiste Comhairleach ar fhianaise thábhachtach agus nua.

118 Maidir leis an ngearán lena líomhnaítear nach raibh an t-údarás iomaíochta is rapóirtéir i láthair ag an éisteacht, tugann an t-achomharcóir dá aire an breithiúnas ar bhraith an Chúirt Ghinearálta i mír 194 den bhreithiúnas atá faoi achomharc chun a chinneadh nach raibh gá leis an údarás sin a bheith i láthair ag an éisteacht, agus iarrann sé ar an gCúirt an pointe sin a 'soiléiriú'. Tugann sí faoi deara, i ndáil leis sin, sa chás as ar eascair an breithiúnas sin, go bhfuair údaráis iomaíochta na mBallstát cóip de mhiontuairiscí na héisteachta, rud nach raibh amhlaidh sa chás seo. Thairis sin, i bhfianaise a thábhachtaí atá údarás iomaíochta an rapóirtéara sa Choiste Comhairleach, ní bheadh sé loighciúil a mheas go bhféadfadh an t-údarás sin rialtacht éisteachta nár ghlac sé páirt inti a fhianú.

119 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil argóint an achomharcóra neamh-inghlactha agus, in aon chás, gan bhunús.

– *Measúnú na Cúirte*

120 Ar an gcéad dul síos, maíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, gur chuir sé gnéithe tábhachtacha nua i láthair ó bhéal ag éisteacht an 23 Aibreán 2018. Mar gheall ar bheirt chomhaltaí den Choiste Comhairleach a bheith as láthair ag an éisteacht in éagmais taifeadta, níor thug an Coiste sin a thuairim uaidh agus láneolas aige ar na fíorais ar fad.

121 Ba cheart a thabhairt faoi deara, i mír 186 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chinn an Chúirt Ghinearálta, sa chás seo, nár mhaígh an t-achomharcóir go raibh mainneachtain taifead na héisteachta sin a nochtadh, rud a chuirfeadh an Coiste Comhairleach ar míthreoir maidir le pointí riachtanacha agus nár thug sé aon léiriú ar aon neamhréireacht a bheith ann idir a fhreagraí i scríbhinn ar na ráitis agóidí, mar a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoiste iad, agus a bharúlacha ó bhéal ag an éisteacht sin.

122 Níor chuir an t-achomharcóir i gcoinne na míre sin den bhreithiúnas atá faoi chonspóid ina achomharc. Dá bhrí sin, ardaíodh an argóint atá bunaithe ar neamhréireacht líomhnaithe idir a chur i láthair ó bhéal ag an éisteacht an 23 Aibreán 2018 agus ábhar na ndoiciméad atá i seilbh an Choiste Chomhairligh os comhair na Cúirte den chéad uair agus, dá bhrí sin, tá sí do-ghlactha, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 38 den bhreithiúnas seo.

123 Is fíor go ndíospóideann an t-achomharcóir an foras a leagtar amach i mír 187 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir nár léirigh scrúdú an chomhaid aon fhianaise a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar an bhfíoras go raibh an fhaisnéis is gá ag an gCoiste Comhairleach dá phlé. Mar sin féin, ós rud é go líomhnaítear go bhfuil saobhadh á dhéanamh ar an bhfianaise agus ar na doiciméid sa chomhad, ní thagraíonn an t-achomharcóir i ndáiríre ach i dtéarmaí ginearálta do dhá dhoiciméad sa chomhad agus liostaíonn sé saincheisteanna áirithe a líomhnaítear a bheith nua ar thug sé aghaidh orthu ag éisteacht an 23 Aibreán 2018, gan aon sonraí á soláthar a d'fhéadfadh bunús a thabhairt leis an saobhadh sin a bheith ann. Go háirithe, cuireann an t-achomharcóir in iúl gur thug sé aghaidh, ag an éisteacht sin, ar an gceist maidir le staid chomhaimseartha earnáil na cruach, i bhfianaise freisin an fhógra tionscnaimh, a foilsíodh i mí an Mhárta 2018, maidir le himscrúdú d'fhonn bearta coimirce a ghlacadh i ndáil le hallmhairí

220 Thairis sin, níor cheart foclaíocht Airteagal 50 den Chairt a léiriú ar bhealach ró-litriúil. Tugann an t-achomharcóir le fios, i ndáil leis sin, gur léir ó bhreithiúnas an 29 Meitheamh 2016, *Kossowski* (C-486/14, EU:C:2016:483), i gcás ina ndéanann ionchúisitheoir poiblí a bhfuil na fíricí scrúdaithe aige an cás a dhíbhe, go bhfuil an prionsabal *ne bis in idem* infheidhme d'ainneoin nach bhfuil cinneadh breithiúnach éigiontaithe ann.

221 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí an achomharcóra.

Measúnú na Cúirte

222 Foráiltear le hAirteagal 50 den Chairt: 'ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí'. Dá réir sin, cuirtear cosc leis an bprionsabal *ne bis in idem* ar charnadh imeachtaí agus pionóis de chineál coiriúil de réir bhrí an Airteagail sin i ndáil leis na fíorais chéanna agus i gcoinne an duine chéanna (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *Volkswagen Group Italia agus Volkswagen Aktiengesellschaft*, C-27/22, EU:C:2023:663, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

223 Thairis sin, chinn an Chúirt cheana féin nach mór an prionsabal *ne bis in idem* a urramú i nósanna imeachta maidir le fíneálacha a fhorchur faoi dhlí na hiomaíochta. Toirmeasctar leis an bprionsabal sin, i réimse na hiomaíochta, gnóthas a chiontú nó imeachtaí a thabhairt ina choinne athuair mar gheall ar iompar frithiomaíoch ar gearradh pionós air ina leith nó ar dearbhaíodh nach raibh sé faoi dhliteanas ina leith le cinneadh roimhe seo nach féidir achomharc a dhéanamh ina choinne a thuilleadh (breithiúnas an 22 Márta 2022, *Nordzucker agus páirtithe eile*, C-151/20, EU:C:2022:203, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

224 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an dáta a glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid, nach raibh aon chinneadh ann maidir leis an gcairtéal a chumhdaítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid nach bhféadfaí agóid a dhéanamh ina choinne a thuilleadh agus a tháinig chun bheith críochnaitheach dá bhrí sin. Cé gur fíor gur rialaigh an Chúirt Ghinearálta, i mbreithiúnas an 9 Nollaig 2014, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-90/10, EU:T:2014:1035), ar a fhiúntas, maidir leis an gceist an bhféadfaí an t-achomharcóir a chur faoi dhliteanas i leith an chairtéil sin, dá dtagraítear i gCinneadh 2009, níor tháinig an breithiúnas sin, a bhí ina ábhar achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais, chun bheith críochnaitheach agus chuir an Chúirt Bhreithiúnais ar neamhní ina iomláine é ina dhiaidh sin, amhail Cinneadh 2009.

225 Murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-achomharcóir, níl atosú na n-imeachtaí agus glacadh an chinnidh atá faoi chonspóid ar neamhréir le breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2002, *Limburgse Vinyl Maatschappij agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-238/99 P, C-244/99 P, C-245/99 P, C-247/99 P, C-250/99 P go C-252/99 P agus C-254/99 P, EU:C:2002:582).

226 Is léir ón mbreithiúnas sin, mar a chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl i mír 331 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach dtoirmisctear leis an bprionsabal *ne bis in idem* ach measúnú nua ar shubstaint an tsáraithe, rud a d'fhágfadh go bhforchuirfí an dara pionós, sa bhreis ar an gcéad phionós, i gcás ina gcinntear arís gurb ann don dliteanas sin, nó go bhforchuirfí an chéad phionós, i gcás ina ndiúltaítear don dliteanas sin, atá eisiata leis an gcéad chinneadh, seasfar leis an dara breithiúnas (breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2002, *Limburgse Vinyl Maatschappij agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-238/99 P, C-244/99 P, C-245/99 P, C-247/99 P, C-250/99 P go C-252/99 P agus C-254/99 P, EU:C:2002:582, mír 61). Mar sin féin, níl aon cheann den dá chás sin i láthair sa chás seo.

227 Is fíor gur chuir an Chúirt Bhreithiúnais leis, i mír 62 den bhreithiúnas sin, nach gcuirtear bac leis an bprionsabal *ne bis in idem* ann féin ar atosú imeachtaí a bhaineann leis an iompar frithiomaíoch céanna i gcás inar cuireadh cinneadh tosaigh ar neamhní ar fhorais nós imeachta gan rialú a dhéanamh ar shubstaint na bhfíoras a ndearnadh gearán ina leith.

228 Agus an méid sin á dhéanamh aici, áfach, níor luaigh an Chúirt Bhreithiúnais go gcuirtear cosc leis an bprionsabal *ne bis in idem* ar chinneadh nua a ghlacadh tar éis an breithiúnas lenar rialaigh an Chúirt Ghinearálta ar shubstaint an chéad chinnidh a neamhniú, ar achomharc, agus tar éis an chéad chinneadh sin a neamhniú. Mar is léir ó mhír 62 den bhreithiúnas sin, ní féidir an prionsabal *ne bis in idem* a shárú ach amháin má tá cinneadh críochnaitheach ann cheana maidir le substaint an cháis. Mar a luadh i mír 224 den bhreithiúnas seo, ní raibh aon chinneadh cinntitheach den sórt sin ann go beacht tráth a glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid.

229 Deimhnítear freisin leis an gcásdlí a luaitear i mír 227 den bhreithiúnas seo nach n-eascraíonn carnadh imeachtaí as atosú na n-imeachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais, tar éis an chéad chinneadh lena gcuirtear clabhsúr leis an nós imeachta sin a neamhniú.

230 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, agus an ceart aici, nár sáraíodh an prionsabal *ne bis in idem* le glacadh an chinnidh atá faoi chonspóid.

231 Is fíor go bhfuil cuid de bhreithiúnais 2014, a bhaineann le gnóthais eile, tagtha chun bheith críochnaitheach, toisc nach raibh siad ina n-ábhar achomhairc. Mar sin féin, cé go mbaineann na breithiúnais sin leis an gcairtéal céanna leis an gcairtéal ar ionchúisíodh an t-achomharcóir ina leith, ní breithiúnas críochnaitheach iad maidir leis an achomharcóir.

232 Ar an gcaoi chéanna, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-achomharcóir, ní hionann an fhéidearthacht go bhféadfadh cinneadh arna dhéanamh ag oifig ionchúisitheora phoiblí a bheith ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail *ne bis in idem* agus an measúnú sin a thabhairt faoi cheist, ós rud é gur luaigh an Chúirt Bhreithiúnais, chun an prionsabal sin a chur i bhfeidhm, nach mór cinneadh den sórt sin a bheith críochnaitheach (breithiúnas an 29 Meitheamh 2016, Kossowski, C-486/14, EU:C:2016:483, míreanna 52 go 54).

233 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don cheathrú saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús.

An séú saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

234 Lena séú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí i míreanna 535 go 551 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, trí mhainneachtain a chinneadh gur tharla an sárú ar chearta na cosanta toisc nár luaigh an Coimisiún go sainráite go raibh sé ar intinn aige imthosca géaraitheacha an athshárú a chur i bhfeidhm ar an achomharcóir sa ráiteas agóidí, sa ráiteas forlíontach agóidí nó i mbeart eile den nós imeachta a atosaíodh in 2017, rud a bhain an deis dó barúlacha a chur isteach ar an bpointe sin le linn an nós imeachta riaracháin.

235 Ar an gcéad dul síos, níor chuir an Chúirt Ghinearálta cásdlí na Cúirte Breithiúnais san áireamh, go háirithe breithiúnas an 5 Márta 2015, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Versalis agus páirtithe eile* (C-93/13 P agus C-123/13 P, EU:C:2015:150), agus breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le hAirteagal 6 de CECD. Ar an dara dul síos, sháraigh sé na forálacha ábhartha atá sa dlí bog a d'fhorchuir an Coimisiún air féin, eadhon pointí 84, 86 agus 109 de Theachtaireacht 2011. Ar an tríú dul síos, theip ar an gCúirt Ghinearálta tras-scríbhinn sleachta áirithe de thaifeadadh na héisteachta sa chás as ar eascair breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716) a chur san áireamh nó a shaobhadh. Ar an gceathrú dul síos, ní bhaineann na fíorais dá dtagraítear i míreanna 547 agus 548 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, amhail na fíorais dá dtagraítear i míreanna 543 go 546 den bhreithiúnas sin, le hábhar, ós rud é nach raibh aon ráiteas ar chúiseanna a bhaineann le hathshárú sa ráiteas agóidí agus i gCinntí 2002 agus 2009. In aon chás, ba cheart na fíorais sin a bheith tugtha cothrom le dáta mar gheall ar fhad eisceachtúil na n-imeachtaí. Tá an fíoras dá dtagraítear i mír 549 den bhreithiúnas atá faoi achomharc neamhábhartha toisc gur léir nár chomhlíon ábhar litir an 15 Nollaig 2017 na critéir a leagtar síos sa chásdlí.

236 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil an tsaincheist dlí neamh-inghlactha agus, in aon chás, gan bhunús.

Measúnú na Cúirte

237 Leag an Chúirt Ghinearálta amach, i míreanna 538 go 542 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, na critéir chun a chinneadh an ndearnadh sárú féideartha ar chearta cosanta an achomharcóra, maidir le hathshárú ina choinne a chur san áireamh.

238 I mír 538 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, agus í ag tagairt do bhreithiúnas an 5 Márta 2015, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Versalis agus páirtithe eile* (C-93/13 P agus C-123/13 P, EU:C:2015:150), i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún sárú ar dhlí na hiomaíochta a chur i leith duine dlítheanach agus ina bhféachann sé, sa chomhthéacs sin, le hathshárú a agairt ina choinne mar imthoisc ghéaraitheach, nach mór an fhaisnéis uile a bheith sa ráiteas agóidí a dhírítear chuig an duine sin lena gcuirtear ar a chumas é féin a chosaint, go háirithe an fhaisnéis lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le cinneadh maidir le hathshárú. I mír 539 den bhreithiúnas sin, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta gur sa chiall sin a gheall an Coimisiún, i mír 84 dá ráiteas agóidí in 2011, go luafadh sé sa ráiteas agóidí, 'ar bhealach atá beacht go leor', na tosca a d'fhéadfadh a bheith ina n-imthosca géaraitheacha, d'fhonn a chur leis, i mír 540 den bhreithiúnas sin, nach mór anailís a dhéanamh ar athshárú, de réir cásdlí socair, mar imthoisc a d'fhéadfadh a bheith ina himthoisc ghéaraitheach.

239 I mír 541 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, shonraigh an Chúirt Ghinearálta go n-eascraíonn an oibleagáid a thuairiscítear i míreanna 538 go 540 den bhreithiúnas sin ón oibleagáid cearta na cosanta a urramú, atá faoi réir prionsabail ghinearálta, in aon nós imeachta ina bhféadfar pionóis a fhorchur, go háirithe fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha, nach mór deis a thabhairt do na gnóthais agus do chomhlachais na ngnóthas lena mbaineann, ó chéim an nós imeachta riaracháin, a dtuairimí a chur in iúl maidir le fírinne agus ábharthacht na bhfíoras, na n-agóidí agus na n-imthosca a líomhnaítear ina n-aghaidh.

240 Ar deireadh, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 542 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'fhonn a fháil amach ar urramaíodh prionsabal chearta na cosanta, nach mór do Chúirteanna an Aontais imthosca uile an cháis a chur san áireamh chun a áirithiú go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún a

chinneadh go ndearnadh sárú nó go raibh imthoisc ar leith intuartha go leor ó thaobh an ghnóthais lena mbaineann de, ionas gur féidir a mheas gur tugadh an deis don ghnóthas sin a bharúlacha a thíolacadh maidir leis an ábhar atá á bhreithniú.

241 Ní dhéanann an t-achomharcóir agóid i gcoinne na mínithe sin ón gCúirt Ghinearálta.

242 Os a choinne sin, áitíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag cinneadh, sa chás seo, go raibh sé intuartha go leordhóthanach go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún a chinneadh go ndearnadh athshárú, mar imthoisc ghéaraitheach ina choinne.

243 Agus an t-éileamh sin á dhiúltú aici, bhraith an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, ar ábhar an ráitis agóidí, dá dtagraítear i míreanna 543 go 546 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus, ar an dara dul síos, ar litir ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2017 inar fógraíodh atosú an nós imeachta riaracháin, dá dtagraítear i míreanna 547 go 549 den bhreithiúnas sin.

244 Cé go maíonn an t-achomharcóir nach n-iarrann sé ar an gCúirt measúnú nua a dhéanamh ar na fíorais, tá a argóint dírithe beagnach go heisiach ar ábhar an ráitis agóidí.

245 Is léir ó mhíreanna 547 agus 548 den bhreithiúnas atá faoi achomharc gur chuir an Coimisiún in iúl don achomharcóir, ina litir an 15 Nollaig 2017 inar fógraíodh atosú an nós imeachta riaracháin, go mbeadh sé ag brath, sa chinneadh a dhéanfadh sé ag deireadh an nós imeachta, ar na hagóidí a d'eascair as an ráiteas agóidí, as ar eascair glacadh Chinntí 2002 agus 2009, agus gur úsáideadh athshárú, sna cinntí sin, chun méid fhíneáil an achomharcóra a ríomh, mar imthosca géaraitheacha.

246 Sna himthosca sin, fiú mura raibh an ráiteas agóidí soiléir, bhí an Chúirt Ghinearálta i dteideal a mheas, i mír 550 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún a chinneadh, sa chinneadh atá faoi chonspóid, go ndearnadh athshárú a úsáid mar imthoisc ghéaraitheach i leith an achomharcóra intuartha go leor.

247 Thairis sin, chinn an Coimisiún go ndearna an t-achomharcóir athshárú ar bhonn cinneadh níos luaithe lenar cinneadh go ndearna an t-achomharcóir sárú, a cuireadh san áireamh chun na gcríoch céanna i gCinntí 2002 agus 2009. Sna himthosca sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-achomharcóir, níor ceanglaíodh ar an gCúirt Ghinearálta a mheas gur cheart don Choimisiún an fhianaise a thabhairt cothrom le dáta ar chuir sé athshárú san áireamh ina bhfianaise.

248 Áitíonn an t-achomharcóir freisin go ndeimhnítear le sleachta áirithe de thaifeadadh na héisteachta sa chás as ar eascair breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2017, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (C-88/15 P, EU:C:2017:716), inchreidteacht na gcúiseanna nár chuir sé barúlacha isteach maidir leis an athshárú tar éis atosú an nós imeachta riaracháin. Mar sin féin, ní shonraíonn an t-achomharcóir na cúiseanna dlíthiúla a léiríonn na sleachta sin go raibh sé i dteideal a mheas nach bhféadfadh an Coimisiún, tar éis atosú an nós imeachta, imthosca géaraitheacha an athshárú a aimsiú gan é a chur ar an eolas go sainráite roimh ré.

249 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don ghearán lena líomhnaítear mainneachtain breithniú nó saobhadh a dhéanamh ar na sleachta sin toisc iad a bheith do-ghlactha, ag féachaint do na ceanglais a leagtar amach i mír 51 den bhreithiúnas seo.

250 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don séú saincheist dlí toisc í a bheith neamh-inghlactha i bpáirt agus gan bhunús i bpáirt.

An seachtú saincheist dlí

An chéad chuid

– Argóintí na bpáirtithe

251 Leis an gcéad chuid den seachtú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag diúltú, i míreanna 565 go 579 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dá agóid go bhfuil sé contrártha do phrionsabal na comhréireachta athshárú a chur san áireamh mar imthoisc ghéaraitheach mar gheall ar an tréimhse rófhada a glacadh sna himeachtaí.

252 Ar an gcéad dul síos, tá mír 575 den bhreithiúnas atá faoi achomharc curtha ó bhail mar gheall ar mhainneachtain cúiseanna a lua. Cé gur thagair an t-achomharcóir d'fhad neamhghnách an nós imeachta atá i gceist, thagair an Chúirt Ghinearálta, i mír 575, don tréimhse ghearr a bhí caite idir an sárú roimhe sin agus an sárú ar gearradh pionós air leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

253 Ar an dara dul síos, mheas an Chúirt Ghinearálta go raibh an Coimisiún i dteideal athshárú a aimsiú mar gheall ar shárú a suíodh breis agus 30 bliain roimh ghlacadh an chinnidh atá faoi chonspóid. Agus an méid sin á dhéanamh aici, bhraith an Chúirt Ghinearálta ar léirmhíniú a bhí díréireach go follasach ar choincheap an athsháraithe. Ní féidir údar a thabhairt leis an léiriú sin leis an gcuspóir éifeacht dhíspreagthach an chinnidh sin a áirithiú, ós rud é, ó 2000 i leith, nach raibh an t-achomharcóir ciontach a thuilleadh in iompar frithiomaíoch. Theip ar an gCúirt Ghinearálta cineál díspreagthach na n-imeachtaí breithiúnacha agus riaracháin ina raibh an t-achomharcóir páirteach a chur san áireamh.

254 Theip ar an gCúirt Ghinearálta a chur san áireamh freisin gur cuireadh an cuspóir maidir le díspreagadh a áirithiú san áireamh agus pionós á ghearradh ar an gcairtéal atá i gceist agus an fhíneáil as athshárú á méadú, rud a d'fhág go raibh dúbailt ann a bhí contrártha le prionsabal na comhréireachta.

255 Ina theannta sin, bheadh sé deacair measúnú na Cúirte Ginearálta a réiteach leis an bprionsabal a leagtar síos i mbreithiúnas an 17 Meitheamh 2010, *Lafarge* v *an Coimisiún* (C-413/08 P, EU:C:2010:346, míreanna 70 agus 73), ar dá réir nach n-údaraítear le dlí iomaíochta an Aontais don Choimisiún sáruithe leantacha gan teorainn ama a chur san áireamh. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil sé díréireach fíorais a théann siar níos mó ná 30 bliain roimh ghlacadh an chinnidh atá faoi chonspóid a chur san áireamh, maidir le hathshárú, agus is é an toradh a bhíonn air sin sa chleachtas ná go ndiúltaítear don phrionsabal atá leagtha síos ag an gCúirt Bhreithiúnais.

256 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil argóint sin neamh-inghlactha agus, in aon chás, gan bhunús.

– *Measúnú na Cúirte*

257 Leis an gcuid seo, líomhnaíonn an t-achomharcóir gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta cúiseanna a lua agus go ndearna sí earráid dlí maidir le léiriú phrionsabal na comhréireachta. Murab ionann agus an méid a d'áitigh an Coimisiún, ní mór a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil an chuid sin den phléadáil sin inghlactha.

258 Mar sin féin, tá argóintí an achomharcóra gan bhunús.

259 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an réasúnaíocht i mír 575 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, is léir ón mír sin, d'fhonn scrúdú a dhéanamh an raibh an Coimisiún i dteideal a chinneadh go ndearnadh athshárú i gcoinne an achomharcóra, gur mheas an Chúirt Ghinearálta nár mhair an tréimhse idir an sárú a rinne an gnóthas sin roimhe sin agus an sárú ar gearradh pionós air leis an gcinneadh atá faoi chonspóid. Murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-achomharcóir, níor thug an Chúirt Ghinearálta neamhaird ar an agóid os a comhair nár bhain sé leis an tréimhse sin ach leis an tréimhse a chuaigh thart idir an sárú roimhe sin agus dáta glactha an chinnidh atá faoi chonspóid. Ní hamháin gur thug an Chúirt Ghinearálta achoimre ar an ngearán sin i mír 566 den bhreithiúnas sin, ach chinn sí freisin, i mír 575 den bhreithiúnas sin, go raibh an Coimisiún i dteideal athshárú a mheas mar imthoisc ghéaraitheach maidir leis an achomharcóir 'in ainneoin gur mhair an t-imscrúdú ar feadh tréimhse áirithe ama mar gheall ar na héiginnteachtaí breithiúnacha a bhain dó'. Is léir ó na tosca sin go bhfuil éilimh an achomharcóra a bhaineann le mainneachtain cúiseanna a lua agus mainneachtain breithiúnas a thabhairt bunaithe ar mhíléamh an bhreithiúnais atá faoi achomharc.

260 Ar an dara dul síos, maidir leis an agóid lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta, ní mór a mheabhrú go gceanglaítear leis an bprionsabal sin, de réir cásdlí socair, nach mór do bhearta arna nglacadh ag institiúidí an Aontais a bheith iomchuí chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú leis an reachtaíocht atá i gceist agus nach rachaidh siad thar theorainneacha an mhéid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach (breithiúnas an 9 Nollaig 2020, *Groupe Canal +* v *an Coimisiún*, C-132/19 P, EU:C:2020:1007, mír 104 agus an cásdlí dá dtagraítear).

261 Maidir leis an méadú ar an bhfíneáil i leith athshárú ar na rialacha iomaíochta, ní mór a mheabhrú go gcomhlíonann méadú den sórt sin an gá atá le pionós a ghearradh ar athshárú a dhéanann an gnóthas ar na rialacha iomaíochta (breithiúnas an 17 Meitheamh 2010, *Lafarge* v *an Coimisiún* (C-413/08 P, EU:C:2010:346, mír 61)).

262 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéanann an t-achomharcóir agóid i gcoinne chinneadh na Cúirte Ginearálta, i mír 553 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur imthoisc é athshárú, d'fhonn é a dhíspreagadh, lena dtugtar údar, de réir an chásdlí, le méadú suntasach ar bhunmhéid na fíneála, ós rud é gur fianaise é nach raibh an pionós a forchuireadh roimhe sin díspreagthach go leor.

263 Ní dhíospóideann an t-achomharcóir ach an oiread an diúltú, i míreanna 557 agus 564 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dá ghearán lenar éiligh sé go raibh an tréimhse a d'imigh thart idir an sárú a rinneadh roimhe sin agus an tréimhse dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid rófhada chun a chinneadh go ndearnadh athshárú.

264 Ní mhaíonn an t-achomharcóir ach, ós rud é gurb é an cuspóir atá le hathshárú a chur san áireamh gnóthas a dhíspreagadh ó sháruithe breise a dhéanamh ar dhlí na hiomaíochta, gur sáraíodh prionsabal na comhréireachta sa chás seo ós rud é, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil sé ciontach a thuilleadh in iompar den sórt sin ó 2000 i leith agus, ar an dara dul síos, go raibh éifeacht dhíspreagthach dosheachanta ag na himeachtaí riaracháin agus breithiúnacha a tharla cheana féin i ndáil leis an gcairtéal lena mbaineann an cinneadh atá faoi chonspóid.

265 Ní mór a mheabhrú, áfach, gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 577 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach bhféadfaí a chur as an áireamh go bhféadfadh éifeacht dhíspreagthach áirithe a bheith ag bagairt smachtbhanna a forchuireadh ar an achomharcóir le linn an imscrúdaithe agus ag forchur pionóis faoi dhó. Mar sin féin, chinn an Chúirt Ghinearálta, gan aon dul chun cinn sa dlí, ‘gurb é an pionós, is é sin le rá, íoc na fíneála arna forchur ag an gCoimisiún, mar mhéadú ar an bhfíneáil as athshárú a dhéantar, a dhíspreagann gnóthas arís ó shárú a dhéanamh an athuair ar na rialacha iomaíochta’.

266 In aon chás, níor léirigh an t-achomharcóir go mbeadh sé díréireach an méid sin a chur san áireamh dá mbeadh tréimhse shuntasach caite idir na sáruithe ar cinneadh gur cuireadh athshárú san áireamh iontu agus glacadh an chinnidh atá faoi chonspóid ag an gCoimisiún.

267 Ní chaitear amhras ar an gconclúid sin le hargóintí eile an achomharcóra.

268 Ar an gcéad dul síos, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí go raibh an Coimisiún i dteideal a mheas, ar an gcéad dul síos, go raibh bonn cirt le cinneadh nua a ghlacadh lena gcinntear go raibh an t-achomharcóir rannpháirteach sa chairtéal, go háirithe, tríd an aidhm sáruithe den sórt sin a dhíspreagadh amach anseo agus, ar an dara dul síos, gur ghá an éifeacht dhíspreagthach sin a neartú trí athshárú i gcoinne an achomharcóra a chinneadh. Murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-achomharcóir, ní ‘dúbláil’ atá contrártha do phrionsabal na comhréireachta é go gcuirtear athshárú san áireamh, agus cinneadh á dhéanamh ar cheart cinneadh nua a ghlacadh lena gcinntear go raibh sé rannpháirteach i sárú agus chun méid na fíneála a forchuireadh air a ríomh.

269 Ar an dara dul síos, is fíor go gceanglaítear le prionsabal na comhréireachta go gcuirfí an t-am a chuaigh thart idir an sárú atá i gceist agus sárú roimhe sin ar na rialacha iomaíochta san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chlaonadh an ghnóthais neamhaird a thabhairt ar na rialacha sin (breithiúnas an 17 Meitheamh 2010, *Lafarge* v *an Coimisiún*, C-413/08 P, EU:C:2010:346, míreanna 70 agus 73). Ní hionann an teorainn ama sin, áfach, agus an tréimhse dá dtagraíonn an t-achomharcóir mar thaca lena agóid lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

270 Dá bhrí sin, ní mór an chéad chuid den seachtú saincheist dlí a dhiúltú toisc í a bheith gan bhunús.

An dara cuid

– *Argóintí na bpáirtithe*

271 Leis an dara cuid den seachtú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir, ar an gcéad dul síos, go bhfuil míreanna 580 go 595 den bhreithiúnas atá faoi achomharc curtha ó bhail mar gheall ar mhainneachtain cúiseanna a lua. Sonraíonn sé gur mhaígh sé, ag an gcéad chéim, go raibh an

méadú ar an bhfíneáil i leith sáruithe leantacha díréireach ag féachaint, ar an gcéad dul síos, do thréimhse thar a bheith fada agus, ar an dara dul síos, do chineál 'mion' an athsháraithe. Níor scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta ach an dara ceann de na hargóintí sin.

272 Ar an dara dul síos, is léir go bhfuil an méadú 50 % ar an bhfíneáil as athshárú díréireach, ós rud é gur glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid níos mó ná 30 bliain tar éis an chinnidh lenar cinneadh an sárú roimhe sin. I ndáil leis sin, ba cheart go mbeadh cineál bréagnaitheach an chinnidh atá faoi chonspóid le feiceáil ag an gCúirt Ghinearálta. Laghdaigh an Coimisiún méid bunúsach na fíneála faoina 50 %, ag féachaint d'fhad an nós imeachta, ach theip air fad sin an nós imeachta a chur san áireamh chun críocha an méadú ar athshárú a chur i bhfeidhm. Ar chúiseanna comhsheasmhachta, mar gheall ar an bhfachtóir ama, ba cheart don Choimisiún an méadú 50 % ar athshárú a laghdú go dtí leath ar a laghad. Thairis sin, ní féidir leis an méadú sin, mar gheall ar a nádúr féin, méid na fíneála a shárú. Sa chás seo, bheadh méid an mhéadaithe sin thart ar dhá oiread mhéid na fíneála a d'fhorchuirfí ar an achomharcóir mura gcuirfí an imthoisc ghéaraitheach sin san áireamh.

273 Áitíonn an Coimisiún nach ndéanann an t-achomharcóir ach na hargóintí a chuir sé ar aghaidh os comhair na Cúirte Ginearálta a athrá agus, dá bhrí sin, go bhféachann sé le scrúdú nua a fháil ón gCúirt Bhreithiúnais ar a chaingean ag an gcéad chéim. Dá bhrí sin, tá argóint an achomharcóra neamh-inghlactha agus, in aon chás, gan bhunús.

– *Measúnú na Cúirte*

274 Leis an dara cuid den seachtú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a thabhairt lena breithiúnais agus go ndearna sí earráid ina léiriú ar phrionsabal na comhréireachta. Murab ionann agus an méid a d'áitigh an Coimisiún, ní mór a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil an chuid sin den phléadáil sin inghlactha.

275 Mar sin féin, tá argóintí an achomharcóra gan bhunús.

276 Ar an gcéad dul síos, déanann an t-achomharcóir gearán gur theip ar an gCúirt Ghinearálta freagra a thabhairt ar a hargóint go raibh an méadú a chuir an Coimisiún i bhfeidhm air mar gheall ar athshárú díréireach, ag féachaint d'fhad an nós imeachta. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 565 go 579 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'argóint an achomharcóra nach raibh an cinneadh maidir le hathshárú ina choinne ag luí le prionsabal na comhréireachta. Dá bhrí sin, níor ceanglaíodh ar an gCúirt Ghinearálta a thuilleadh freagra a thabhairt ar argóint an achomharcóra gur cuireadh cosc leis an bprionsabal sin freisin ar mhéadú ar an bhfíneáil i leith athshárú.

277 Ar an dara dul síos, níor shuigh an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí nár sháraigh an Coimisiún prionsabal na comhréireachta agus ráta an mhéadaithe ar an athshárú á shocrú aige ag 50 % de mhéid bunúsach na fíneála.

278 Ba cheart a lua freisin nach léirítear aon chontrárthacht leis an bhfíoras, sa chinneadh atá faoi chonspóid, gur laghdaigh an Coimisiún méid bunúsach na fíneála 50 %, ag féachaint d'fhad an nós imeachta, agus ráta méadaithe na fíneála i leith athshárú á chur i bhfeidhm aige, ós rud é go bhfuil an dá thoisc sin neamhspleách ar a chéile.

279 Ar deireadh, nuair a mhaíonn an t-achomharcóir nach féidir le méadú ar an bhfíneáil i leith athshárú a bheith níos mó ná méid na fíneála, ní leagann sé amach aon riail dlí chun tacú leis an dearbhú sin agus déanann sé ríomh atá ní hamháin mícheart ach bunaithe ar chás hipitéiseach freisin.

280 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór diúltú don dara cuid den seachtú saincheist dlí agus, dá bhrí sin, ní mór diúltú don tsaincheist dlí sin ina hiomláine toisc í a bheith gan bhunús.

An t-ochtú saincheist dlí

Argóintí na bpáirtithe

281 Tá dhá chuid san ochtú saincheist dlí.

282 Leis an gcéad chuid den tsaincheist dlí seo, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, i míreanna 611 go 628 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár sháraigh an Coimisiún prionsabal na córa comhionainne trí laghdú comhréireach níos ísle ar mhéid na fíneála ná an méid a deonaíodh do Riva a chur i bhfeidhm air.

283 Dar leis an achomharcóir, is léir ón gcinneadh atá faoi chonspóid gur deonaíodh laghdú 3 % ar mhéid na fíneála do Riva, a ghlac páirt sa chairtéal a chumhdaítear leis an gcinneadh sin ar feadh 10 mbliana agus 6 mhí san iomlán, mar gheall ar bhriseadh ar a rannpháirtíocht, ar feadh bliana, sa chuid den chairtéal sin a bhaineann le táirgeadh nó díolacháin a theorannú agus a rialú. Os a choinne sin, fuair an t-achomharcóir, a ghlac páirt sa chairtéal ar feadh 7 mbliana, laghdú 6 % ar feadh na 3 bliana nach raibh sé rannpháirteach sa chuid sin den chairtéal lena linn, is é sin le rá, laghdú 2 % do gach ceann de na blianta sin.

284 Leis an dara cuid den ochtú saincheist dlí, áitíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trí mhainneachtain a chinneadh go raibh na cúiseanna a chuir an Coimisiún chun cinn chun údar a thabhairt lena rogha laghduithe éagsúla ar an bhfíneáil a chur i bhfeidhm ar iompar comhionann imithe in éag.

285 Measann an Coimisiún go bhfuil an argóint sin neamh-inghlactha. Tá an t-achomharcóir teoranta, go bunúsach, do na hargóintí a cuireadh ar aghaidh ag an gcéad chéim a athrá. Dá bhrí sin, d'fhéachfadh sé le hathscrúdú a fháil ón gCúirt ar an iarratas a cuireadh isteach ag an gcéad chéim. Tá argóint an achomharcóra, in aon chás, gan bhunús go follasach.

Measúnú na Cúirte

286 Murab ionann agus an méid a d'áitigh an Coimisiún, tá an dá chuid den ochtú saincheist dlí inghlactha, a mhéid a bhaineann siad le hearráidí dlí a líomhnaítear a rinne an Chúirt Ghinearálta.

287 Maidir leis an gcéad chuid den tsaincheist, ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear le prionsabal na córa comhionainne, a chumhdaítear in Airteagal 20 den Chairt, nach gcaithfear ar bhealach éagsúil le cásanna inchomparáide agus nach gcaithfear le cásanna éagsúla ar an mbealach céanna mura bhfuil údar oibiachtúil leis an gcóir sin (breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais*, C-567/22 P go C-570/22 P, EU:C:2024:336, míreanna 65 agus 67 agus an cásdlí dá dtagraítear).

288 Sa chás seo, is léir ón mbreithiúnas atá faoi achomharc gur chinn an Coimisiún, sa chinneadh atá faoi chonspóid, ar an gcéad dul síos, go raibh an t-achomharcóir agus Riva araon rannpháirteach sa chairtéal a chumhdaítear leis an gcinneadh sin agus, ar an dara dul síos, nár ghlac an dá ghnóthas sin páirt i ngné áirithe den chairtéal sin, an t-achomharcóir ar feadh 3 bliana agus Riva ar feadh 1 bhliain.

289 Mar a chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl i mír 613 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chun na fíneálacha a fhorchuirtear ar ghnóthais a ghlac páirt i gcairtéal a ríomh, is gné dhílis d'fheidhmiú chumhachtaí an Choimisiúin é caitheamh go difreálach leis na gnóthais lena mbaineann. Agus a lánrogha á feidhmiú aige, iarrtar ar an gCoimisiún idirdhealú a dhéanamh idir an pionós de réir an iompair agus na saintréithe a bhaineann go sonrach leis na gnóthais sin, chun a áirithiú, i ngach cás aonair, go mbeidh rialacha iomaíochta an Aontais lánéifeachtach (breithiúnas an 13 Meitheamh 2013, *Versalis* v *an Coimisiún*, C-511/11 P, EU:C:2013:386, mír 104 agus an cásdlí dá dtagraítear).

290 Is léir ó mhíreanna 615 go 617 den bhreithiúnas atá faoi achomharc gur thug an Coimisiún údar leis an difríocht idir na rátaí laghdaithe faoi seach de réir an ghá atá ann an laghdú a deonaíodh mar gheall ar neamh-rannpháirtíocht i gcuid den chairtéal a mheas ar bhonn fhad rannpháirtíocht fhoriomlán gach gnóthais sa chairtéal ina iomláine. Bhí rannpháirtíocht an achomharcóra agus Riva sa chairtéal iomlán ina toisc thábhachtach nár mhór a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar an imthoisc mhaolaitheach atá i gceist. Ós rud é go raibh rannpháirtíocht fhoriomlán Riva sa chairtéal níos faide, ba mhó an éifeacht a bhí ag a neamh-rannpháirtíocht sa chuid sin den chairtéal.

291 Go sonrach, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire, i mír 622 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur chuir an Coimisiún san áireamh, chun an laghdú atá le deonú do Riva a chinneadh, tromchúis choibhneasta rannpháirtíocht an dá ghnóthas sin sa sárú, i gcomhréir leis an gceanglas nach mór do na fíneálacha a bheith sonrach do chineál aonair na bhfíneálacha dá dtagraítear i mír 289 den bhreithiúnas seo. Dá bhrí sin, mheas sé, ós rud é go raibh an rannpháirtíocht fhoriomlán i gcairtéal Riva níos faide ná rannpháirtíocht an achomharcóra, gur ghá go mbeadh sé níos tromchúisí agus go raibh éifeacht a neamh-rannpháirtíochta i ngné áirithe den chairtéal níos tábhachtaí fós.

292 Agus í ag cinneadh, i mír 323 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh an cur chuige sin i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí.

293 Tá comhthuiscint ann gur dheonaigh an Coimisiún laghdú 2 % in aghaidh na bliana don achomharcóir, maidir leis an tréimhse nach raibh sé rannpháirteach sa chuid den chairtéal atá i gceist lena linn, cé gur laghdú 3 % a bhí ann i gcás Riva.

294 Is fíor, in éagmais tosca eile lena bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir rannpháirtíocht an dá ghnóthas sin sa chairtéal sin, ós rud é gur ghlac Riva páirt sa chairtéal sin ar feadh 10 mbliana agus 6 mhí, go raibh tionchar níos tromchúisí ag an rannpháirtíocht sin ar an iomaíocht ná mar a bhí ag an achomharcóir, nach raibh rannpháirteach ann ach ar feadh 7 mbliana. Mar sin féin, ní féidir an cinneadh sin a leathnú chuig tréimhsí nach raibh na gnóthais rannpháirteach i ngné áirithe den chairtéal sin lena linn, ós rud é go raibh an éifeacht chéanna ag a neamh-rannpháirtíocht sa chuid sin, i bprionsabal, ar an iomaíocht.

295 Is fíor gur féidir an laghdú arna dheonú mar gheall ar neamh-rannpháirtíocht i gcuid den chairtéal a mheas ar bhonn fhad iomlán gach ceann de rannpháirtíocht na ngnóthas sa chairtéal sin. Sa chás seo, áfach, níor ghlac an t-achomharcóir páirt sa chuid sin, ar feadh tréimhse 3 bliana, arb ionann í

agus beagnach leath dá rannpháirtíocht sa chairtéal sin, ach níor ghlac Riva páirt sa chuid sin, le linn na 10 mbliana agus 6 mhí dá rannpháirtíocht sa chairtéal céanna, ach ar feadh 1 bhliain amháin.

296 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, dá bhrí sin, gur chaith an Coimisiún le cásanna inchomparáide ar bhealach difriúil, gan údar bailí a thabhairt don difríocht sin sa láimhseáil.

297 Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an gcéad chuid den ochtú saincheist dlí. Ní mór, dá bhrí sin, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní, gan é a bheith riachtanach rialú a thabhairt ar an dara cuid den tsaincheist dlí seo.

An chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta

298 I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcás ina bhfuil bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh na Cúirte Ginearálta ar neamhní. Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais rialú críochnaitheach a thabhairt san ábhar má cheadaíonn staid na n-imeachtaí a leithéid.

299 Sa chás seo, is iomchuí don Chúirt rialú críochnaitheach a thabhairt san ábhar, de réir mar a cheadaíonn staid na n-imeachtaí é.

300 Is léir ó mhíreanna 286 go 297 den bhreithiúnas seo nach bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne, sa mhéid gur dheonaigh sé laghdú 2 % in aghaidh na bliana ar mhéid na fíneála don achomharcóir, i leith tréimhse nach raibh sé rannpháirteach i gcuid den chairtéal atá i gceist, cé gur dheonaigh sé laghdú 3 % do Riva, ar na cúiseanna céanna. Ós rud é gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid neamhdhleathach, féadfaidh sí, i bhfeidhmiú a dlínse neamhtheoranta, a breithmheas féin a chur in ionad bhreithmheas an Choimisiúin agus, dá bhrí sin, an fhíneáil a chealú, a laghdú nó a mhéadú. Feidhmítear an chumhacht sin agus na himthosca fíorasacha go léir á gcur san áireamh (breithiúnas an 12 Samhain 2014, *Guardian Industries agus Guardian Europe* v *an Coimisiún*, C-580/12 P, EU:C:2014:2363, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear). Sa chás seo, measann an Chúirt, i bhfeidhmiú a dlínse neamhtheoranta, gur cheart ráta laghdaithe na fíneála 3 % in aghaidh na bliana a chur i bhfeidhm maidir leis an achomharcóir freisin.

301 Dá bhrí sin, tá méid na fíneála a gearradh ar an achomharcóir sa chinneadh atá faoi chonspóid socraithe ag EUR 2 165 000.

Costais

302 Faoi Airteagal 184(2) de na Rialacha Nós Imeachta, i gcás ina bhfuil bunús maith leis an achomharc agus ina dtugann an Chúirt féin breithiúnas críochnaitheach sa chás, tabharfaidh an Chúirt breith i dtaobh na gcostas.

303 I gcomhréir le hAirteagal 138(3) de na Rialacha sin, is infheidhme maidir le himeachtaí achomhairc de bhua Airteagal 184(1) de na Rialacha sin, i gcás ina n-éiríonn le gach páirtí i gcásanna áirithe agus ina dteipeann orthu i gcásanna eile, íocfaidh na páirtithe a gcostais féin.

304 Ós rud é nár éirigh leis an achomharcóir ná leis an gCoimisiún maidir le ceann amháin nó níos mó de na cinn éilimh, ní mór dóibh a gcostais féin a bhaineann leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus leis an achomharc a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra):

1. **Cuirtear pointe 1 den chuid oibríochtúil de bhreithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 9 Samhain 2022, *Ferriere Nord* v *an Coimisiún* (T-667/19, EU:T:2022:692) ar neamhní, a mhéid a dhiúltaíonn sé do na hagóidí faoin naoú saincheist dlí ag an gcéad chéim de chuid Ferriere Nord SpA lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne;**

2. **Diúltaítear don chuid eile den achomharc.**

3. **Cuirtear Airteagal 2(3) de Chinneadh C(2019) 4969 final ón gCoimisiún an 4 Iúil 2019 maidir le sárú ar Airteagal 65 de Chonradh CEGC (Cás AT.37956 – Barraí treisiúcháin) ar neamhní.**

4. **Socraítear méid na fíneála a forchuireadh ar Ferriere Nord SpA in Airteagal 2(3) de Chinneadh C(2019) 4969 final ag EUR 2 165 000.**

5. **Ordaítear do Ferriere Nord SpA agus don Choimisiún Eorpach a gcostais féin a bhaineann leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus leis an achomharc a íoc.**

Sínithe